NSAI




# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NSAI 2015

**AG CABHRÚ LEIS AN mBORRADH FAOIN nGNÓ**

# CLÁR NA NÁBHAR


1 Forléargas ar NSAI

2 Sracfhéachaint ar NSAI

4 Forbhreathnú ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

6 Bonneagar Cáilíochta Teicniúla

7 Réimsí Oibríochta

10 Caighdeáin

14 An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta

16 An Mhéadreolaíocht Dlí

18 Measúnú Comhréireachta

- 18 Sármhaitheas Gnó
- 20 Tacaíocht Margaidh agus Tacaíocht Rialála
- 24 Inbhuaine agus an Timpeallacht Thógtha
- 26 Feistí Leighis

27 NSAI Inc.

28 Ráiteas um Rialachas Corparáideach

29 An Bord

34 Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite 2015

- 35 Ráiteas ar na Freagrachtaí atá ar Chomhaltaí an Bhoird
- 36 Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais
- 37 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- 39 Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta
- 40 Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe
- 41 Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach
- 42 Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais
- 43 Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid
- 44 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

60 Aguisíní

- 61 Ballraíochtaí Idirnáisiúnta
- 62 Coistí Caighdeán
- 63 Caighdeáin Dhúchasacha Éireannacha a Foilsíodh in 2015
- 64 Míniú ar Chatagóirí na bhFoilseachán i dtaobh Caighdeán
- 65 Tíortha inar eisigh NSAI agus NSAI Inc. Deimhnithe
- 66 Ainmniúcháin agus Aitheantais de chuid NSAI

# FORLÉARGAS
## AR NSAI

Bunaíodh NSAI faoin Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996 agus tuairiscíonn sé don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ina cháil mar an ghníomhaireacht stáit a bhfuil cúram uirthi i dtaobh na príomhsheirbhísí teicniúla – caighdeánú, measúnú comhréireachta agus inrianaitheacht tomhais – tá sé ina aidhm ag NSAI feidhmíocht ghnó na hÉireann a fheabhsú agus tomhaltóirí a chosaint trí chaighdeáin a ullmhú, cigireacht a dhéanamh ar uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil, agus iniúchtaí a dhéanamh agus deimhnithe a eisiúint i ndáil le feidhmiú na gcaighdeán i leith earraí agus seirbhísí.

Is muidne údarás deimhniúcháin na hÉireann maidir le comharthaí CE agus, sa cháil sin, soláthraímid seirbhís deimhniúcháin lena gcuirtear ar a gcumas do ghnólachtaí léiriú go gcloínn earraí agus seirbhísí Éireannacha leis na caighdeáin is infheidhme.

Is mar seo a leanas a chomhlíontar cuspóir NSAI:

- Trína spreagadh go mbainfear úsáid as caighdeáin d'fhonn feabhas a chur ar na próisis agus na modhanna a mbaineann gnólachtaí ar fud na tíre leas astu;
- Trí chaighdeáin, treoracha, moltaí agus cóid chleachtais a ullmhú i leith na bpróiseas agus na gcleachtas a úsáidtear sa tionscal déantúsaíochta agus sa tionscal seirbhísí;
- Trí earnáil na tionsclaíochta a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe ar an leibhéal náisiúnta, leibhéal na hEorpa agus an leibhéal idirnáisiúnta, agus éascú dóibh chuige sin;
- Trí dheimhniúchán a aithnítear go hidirnáisiúnta a sholáthar do ghnólachtaí maidir le táirgí, próisis nó cleachtais lena dheimhniú go gcloínn siad leis na caighdeáin nó na sonraíochtaí ábhartha;
- Trína chinntiú go bhfuil fáil ag earnáil na tionsclaíochta ar chaighdeáin tomhais atá inrianaithe ar bhonn idirnáisiúnta;
- Trí chalabrú a sholáthar i dtaobh gléasanna ard-mhionchruinnis; agus
- Trí mhaoirseacht a dhéanamh ar thomhais agus uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil.

## FÍS

Eagraíocht dhinimiciúil a úsáideann bearta agus caighdeáin chun tairbhe na sochaí agus chun buntáiste domhanda a thabhairt d'fhiontraíocht na hÉireann.

## MISEAN

Cumasaíonn NSAI an nuálaíocht, cuireann sé an trádáil chun cinn, éascaíonn sé d'iomaíocht chóir agus cosnaíonn sé tomhaltóirí trí chruinneas tomhais agus trí chaighdeáin a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

# SRAC-FHÉACHAINT AR **NSAI**

## CAIGHDEÁIN

Ionchur na hÉireann a chumasú maidir le caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt

## DEIMHNIÚ

Seirbhísí deimhniúcháin atá creidiúnaithe agus a aithnítear go hidirnáisiúnta

## AN MHÉADREOLAÍOCHT DLÍ

Trí chigireachtaí a dhéanamh, cuidítear muinín a chothú maidir le cruinneas na n-uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil.

## SAOTHARLANN MÉADREOLAÍOCHTA

Bearta tagartha náisiúnta agus calabrú don tionscal a chothabháil.

Is **bunriachtanach** iad na caighdeáin i dtaobh an ghnó, an gheilleagair agus na sochaí. An fhiontraíocht **a chumasú** agus tomhaltóirí **a chosaint**

## IONADAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA

Comhalta na hÉireann sna comhlachtaí Eorpacha agus na comhlachtaí idirnáisiúnta i leith caighdeán agus tomhais

## AN TRÁDÁIL A CHUMASÚ

Trí chaighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta a ghlacadh, bíonn lucht tionsclaíochta na hÉireann san iomaíocht ar ardán an domhain.

## GNÓ

Na comhpháirteanna teicniúla lárnacha (Caighdeáin, Méadreolaíocht agus Deimhniú) a bhíonn ag geilleagar trádála éifeachtach a thabhairt le chéile.

# FORBHREATHNÚ

# ÓN GCATHAOIRLEACH AGUS ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

## RÉAMHRÁ

Bhí borradh mór faoin ngeilleagar in Éirinn in 2015 agus bhí an méid sin le feiceáil sa mhéadú a tháinig ar líon na n-eagraíochtaí a bhaineann leas as seirbhísí NSAI. Mar shampla, tháinig méadú 30% ar líon na ngnólachtaí a bhí ag iarraidh deimhniúcháin i leith caighdeáin Sármhaitheasa Gnó i gcomparáid le 2014, agus tháinig méadú 13% ar ioncam NSAI óna chuid foinsí féin.

Cé gur mór an spreagadh a thugann sé sin dúinn, ní mór bearta a ghlacadh lena chinntiú go mbeidh an borradh geilleagrach sin le sonrú i ngach áit agus go mbeidh sé inbhuanaithe san fhadtéarma. Fágann na caighdeáin go mbíonn buntáiste iomaíoch ag gnólachtaí Éireannacha, a chuireann ar a gcumas deiseanna nua gnó a lorg. De réir mar a thiocfaidh geilleagar na hÉireann chuige féin arís, ní mór go gcoinneoidh eagraíochtaí Éireannacha leis an dea-chleachtas agus go bhfeidhmeoidh siad de réir na gcaighdeán is airde.

Trí fheidhmeanna lárnacha NSAI – Caighdeánú, Méadreolaíocht agus Measúnú Comhréireachta – táimid ag obair chun buntáiste iomaíoch a chruthú don ghnó agus tomhaltóirí a chosaint faoi chuimse na struchtúr a bhíonn ag córas trádála náisiúnta éifeachtach, faoi na ceithre cholún straitéiseacha dár straitéis 2013 – 2015:

- Bonneagar Margaidh Oscailte;
- Sármhaitheas Gnó;
- Geilleagar Eolais; agus
- Inbhuaine.

## AG TACÚ LE FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

Soláthraíodh na seirbhísí uainn i dtimpeallacht gheilleagrach éagsúil athraitheach inar éirigh go geal le cliaint ilnáisiúnta ar feadh na géarchéime, agus inar tháinig fás beag táirgiúlachta in earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide sa tír seo. Rinne NSAI dianiarracht teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí beaga agus meánmhéide i rith 2015 agus léirigh sé dóibh conas is féidir leo fás agus forbairt ach caighdeáin a chur i bhfeidhm.

Chun na críche sin, chuir ár bhfoireann saineolaithe ar bun 21 imeacht ar fud na tíre, idir sheónna bóthair agus seimineáir faisnéise, agus iad dírithe go príomha ar an earnáil sin.

Ina theannta sin, bhí NSAI i láthair ag 12 thaispeántas ar fud na tíre, ag tabhairt eolas úsáideach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ag cur comhairle orthu. I measc na n-imeachtaí siúd bhí an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Lón Bliantúil ISME, agus na Comhdhálacha Bliantúla a reáchtáil Cumann Faisnéisíochta Sláinte na hÉireann agus Institiúid Innealtóirí na hÉireann.

## NÍOS MÓ GNÓLACHTAÍ ÉIREANNACHA AG BAINT ÚSÁIDE AS CAIGHDEÁIN

Tá méadú tagtha ar líon na n-eagraíochtaí Éireannacha atá ag baint úsáide as caighdeáin. I staidéar a rinne an chuideachta Behaviour and Attitudes do NSAI in 2015, léiríodh go bhfuil 88% de na heagraíochtaí a ndearnadh suirbhé orthu in Éirinn ag baint úsáide as caighdeáin anois i gcomparáid le 69% sa bhliain 2012.

Ina theannta sin, fuarthas sa suirbhé sin ar 250 eagraíocht go bhfuil beagnach leath na ngnólachtaí a úsáideann caighdeáin (47%) tar éis a thuairisciú go bhfuil méadú tagtha ar an láimhdeachas – méadú 20% ar an meán. I gcás 87% de na heagraíochtaí deimhnithe, dúirt siad go gcreideann siad go bhfágann caighdeáin atá deimhnithe ar bhonn neamhspleách go mbíonn buntáiste iomaíoch ag gnólachtaí, agus dúirt 93% de na gnólachtaí deimhnithe go gcreideann siad go ndeachaigh úsáid na gcaighdeán chun leasa a gcuideachtaí.

Tá méadú mór ag teacht ar líon na nglaonna ar thairiscintí ina gceanglaítear deimhniú a bheith bainte amach ag gnólachtaí i leith caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta, ar nós ISO 9001 (Córais Bainistíochta Cáilíochta), ISO 14001 (Córais Bainistíochta Comhshaoil) agus OHSAS 18001 (Córais Bainistíochta um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde). Is féidir le deimhniú i leith na gcaighdeán sin buntáiste iomaíoch a thabhairt d'eagraíochtaí ar a gcuid iomaitheoirí agus deiseanna onnmhairithe á lorg acu. Mar sin féin, ós rud é gur ar bhonn deonach a ghlactar páirt ina lán scéimeanna caighdeán agus scéimeanna deimhniúcháin, creideann NSAI go bhfuil breis tacaíochtaí de dhíth chun gnólachtaí a spreagadh ionas go mbeidh fonn orthu caighdeáin a úsáid agus chun dreasacht a thabhairt i leith an deimhniúcháin.

## RIALACHÁIN NÍOS LÁIDRE UM RIALÚ FOIRGNÍOCHTA AG TEASTÁIL

Ba mhaith linn a áitiú go háirithe ar an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leanúint ar aghaidh ag feabhsú na rialachán um Rialú Foirgníochta, lena áirithiú go gcuirfidh na daoine a bhíonn ag obair sa tionscal tógála i bhfeidhm go cuí an tsraith chasta caighdeán agus faisnéise teicniúla a fhorbraíonn saineolaithe de chuid NSAI. Tá gá le rialacháin níos láidre freisin chun cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí.

## CUIDÍONN CAIGHDEÁIN LE FÁS AN GHEILLEAGAIR

I dtimpeallacht atá seasta ag éirí níos domhandaithe, tá tionchar na gcaighdeán ag teacht chun tosaigh de réir mar a dhírítear aird de bharr caibidlíocht trádála idirnáisiúnta, ar nós na Comhpháirtíochta Trádála agus Infheistíochta Trasatlantaí (TTIP), ar an tábhacht a bhaineann le caighdeánú agus measúnú comhréireachta mar ghnéithe lárnacha den trádáil agus den fhorás.

Ag deireadh na bliana 2015, choimisiúnaigh NSAI saineolaithe neamhspleácha san Ionad um Thaighde Eacnamaíochta agus Gnó (Cebr) chun staidéar a dhéanamh ar an gcion geilleagrach a dhéanann na caighdeáin ar mhaithe le geilleagar agus gnó na hÉireann. D'fhéach an dream sin ar shonraí geilleagracha ón tréimhse idir 1964 agus 2015 agus fuarthas amach gurb amhlaidh, i rith an ama sin, gurbh iad na caighdeáin ba bhun, ar an meán, le 6.4% den fhás bliantúil ar an OTI. I dtéarmaí airgid, ba ionann é sin agus cion bliantúil €518 milliún. Sa tréimhse idir 2006 agus 2013 aisti féin, meastar gur chuir na caighdeáin 17% le fás OTI, dóthain le tacú le cruthú thart ar 900 post buan in Éirinn.

## IONCHAS

Anois agus comharthaí soiléire le feiceáil go bhfuil an téarnamh geilleagrach faoi lán seoil, tá NSAI ag ullmhú plean straitéiseach do 2016-2020, a bheidh dírithe ar a chinntiú go gcoinneofar le fuinneamh an athchóirithe agus go soláthrófar na seirbhísí caighdeánaithe, measúnaithe comhréireachta, méadreolaíochta tionsclaíche agus méadreolaíochta dlí dár gcuid ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach a thacóidh leis an téarnamh geilleagrach do ghnólachtaí.

Toisc gur geilleagar beag ardteicneolaíochta muid, beidh tionchar nach beag ag caibidlíocht trádála idirnáisiúnta cosúil leis an TTIP, rialacháin ón AE agus forbairtí domhanda sa teicneolaíocht ar gach tionscal, idir mhór agus bheag.

Agus ullmhúchán ar bun do thabhairt isteach an chórais nua íocaíochta de réir meáchain, measaimid go mbeidh méadú mór ar an ngníomhaíocht sa rannán Méadreolaíochta Dlí sa bhliain atá romhainn. Beidh ár bhfoireann freagrach as cigireacht a dhéanamh ar 750 píosa trealaimh chun araidí a mheá, chomh maith leis an 75,000 uirlis tomhais trádála atá i bPoblacht na hÉireann cheana féin atá faoi réir na reachtaíochta méadreolaíochta. Dá bhrí sin, beimid ag lorg tacaíochta ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta chun leathnú a dhéanamh ar ár gclúdach ar chigireacht méadreolaíochta dlí, lena chinntiú go ndéanfar cigireacht rialta ar na huirlisí tomhais a úsáideann an lucht gnó.

Tá deiseanna ollmhóra le tapú maidir le hIdirlíon na nEarraí agus Tionscal 4.0 – an ceathrú réabhlóid thionsclaíoch, mar a thugtar air – chomh maith le rioscaí móra le seachaint i measc an lucht gnó, a dteastaíonn 'caighdeáin chliste' uathu i ndáil le 'táirgí agus seirbhísí cliste'. Faoi láthair, tá saineolaithe ó go leor de na cuideachtaí teicneolaíochta mór le rá ar domhan, ar nós Microsoft, IBM agus Oracle, ina mbaill de choistí TFC de chuid NSAI, ach beidh tuilleadh saineolais ón lucht tionscail ag teastáil chun forbairt caighdeán sa réimse sin a chur chun cinn.

Bíonn breis is 1,400 duine ó earnáil na tionsclaíochta, ón saol acadúil, agus ó chomhlachtaí poiblí ag obair i gcomhar leis na 45 coiste caighdeán atá ag NSAI agus tugann siad a gcuid ama agus a gcuid saineolais ar bhonn deonach chun caighdeáin a fhorbairt. Ach bíonn dearcadh nua agus smaointeoireacht úr i gcónaí ag teastáil agus dá bhrí sin táimid ag spreagadh duine ar bith ar spéis leis nó léi forbairt caighdeán chun dul i dteagmháil le NSAI.

Baineann an-tábhacht go deo leis an earnáil feistí leighis d'Éirinn agus déanfar monatóireacht ar chora a bhaineann le comhlachtaí dá dtugtar fógra agus le deimhniúchán, amhail an Clár um Iniúchadh Aonair ar Fheistí Leighis (MDSAP) i gcomhthéacs sheirbhísí NSAI le linn thréimhse an phlean straitéisigh dár gcuid.

Ina cháil mar chomhlacht náisiúnta na hÉireann um chaighdeáin, beidh seirbhísí NSAI ag teacht chun cinn d'fhonn freastal ar cheanglais um measúnú comhréireachta i rialacháin ón AE agus ar cheanglais na gcomhlachtaí stáit a bhfuil a bhfeidhmiú ina chúram orthu.

## BUÍOCHAS

Ar ndóigh, ní bheadh aon cheann de na héachtaí sin bainte amach againn murach ár bhfoireann ard-oilte, thiomanta, a bhí ag obair gach lá le bliain anuas lena chinntiú gur chomhlíon NSAI an sainchúram seirbhíse atá air agus gur bhain daoine tairbhe as an teagmháil idir iad féin agus NSAI agus gur dea-eispéaras a bhí acu a bhí ag teacht lenár gcuid luachanna sonraithe. Is mian linn aitheantas a thabhairt don chion leanúnach sin a dhéanann siad, ní hamháin ar mhaithe le cuspóirí na heagraíochta, ach ar mhaithe le tacú le bonn a chur faoi bhonneagar trádála náisiúnta éifeachtach.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl freisin dár gcomhpháirtithe sa tionscal, don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, do bhaill ár gcoistí comhairliúcháin agus, ar deireadh, do Bhord NSAI agus a lucht bainistíochta as an tacaíocht gan staonadh a thug siad dúinn.

Thar ceann an Bhoird:

| | |
|---|---|
| **Julie O'Neill**<br>*Cathaoirleach* | **Maurice Buckley**<br>*Príomhfheidhmeannach* |
| 16 Meán Fómhair 2016 | 16 Meán Fómhair 2016 |



# BONNEAGAR CÁILÍOCHTA TEICNIÚLA

Is é NSAI an comhlacht náisiúnta is bonn le bonneagar cáilíochta teicniúla na hÉireann, ina gcuimsítear ceithre cinn as na cúig ghné innealtóireachta agus theicniúla a aithnítear go hidirnáisiúnta de chóras trádála éifeachtach – is iad sin an Mhéadreolaíocht, Caighdeánú, Creidiúnú agus Measúnú Comhréireachta.



# RÉIMSÍ OIBRÍOCHTA

## AN MHÉADREOLAÍOCHT

Bunú tomhas atá cruinn, iontaofa agus inrianaithe

Calabrú déanta ar bhreis is 4,250 uirlis tomhais

## CREIDIÚNÚ

Deimhniú neamhspleách ó 3ú Páirtí ar inniúlacht NSAI.

## CAIGHDEÁNÚ

Fágann na caighdeáin níos éasca é a bheith i mbun trádála agus is bonn iad don rialú teicniúil

Níos mó ná 1,350 caighdeán foilsithe

## AN MHÉADREOLAÍOCHT DLÍ

Cosaint tomhaltóirí, meáchain agus tomhais chothroma sa trádáil

Cuairt tugtha ar bhreis is 5,500 áitreabh agus cigireacht déanta ar 13,250 uirlis

## COMHRÉIREACHT MEASÚNÚ

Cigireacht ar shamplaí, tástáil, deimhniúchán

Níos mó ná 5,500 deimhniú eisithe

## CÓRAS TRÁDÁLA ÉIFEACHTACH

Laghdú ar éagsúlacht gan ghá, idir-inoibritheacht, barainneachtaí scála, dearbhú cáilíochta, cumhacht á tabhairt do thomhaltóirí i dtaobh táirgí atá oiriúnach dá bhfeidhm agus seirbhísí a chomhlíonann caighdeáin a éileamh



# RÉIMSÍ OIBRÍOCHTA

## CAIGHDEÁNÚ

Forbraíonn, foilsíonn agus cuireann NSAI chun cinn caighdeáin Éireannacha, caighdeáin Eorpacha agus caighdeáin idirnáisiúnta d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht, cáilíocht, dearadh, feidhmíocht agus sábháilteacht na n-earraí arna dtáirgeadh agus na seirbhísí arna soláthar, mar aon lena dtionchar ar an gcomhshaol a fheabhsú.

Bíonn NSAI ag gabháil d'fhorbairt caighdeán, tríd an líonra náisiúnta coistí comhairliúcháin nó trí choistí caighdeán idirnáisiúnta[1], tugann sé rochtain do ghnólachtaí Éireannacha ar líonra páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta (taighdeoirí/saineolaithe a bhíonn ag plé le caighdeáin, custaiméirí féideartha, iomaitheoirí agus soláthraithe), trínar féidir le gnólachtaí dul i bhfeidhm ar chaighdeáin na todhchaí a bhaineann lena gcuid tionscal féin.

1 Aguisín 2: Coistí Caighdeán

## MÉADREOLAÍOCHT EOLAÍOCHTA AGUS TIONSCLAÍOCHTA

Trí mheán na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta, comhlíonann NSAI ról institiúid méadreolaíochta náisiúnta na hÉireann. Is éard atá i gceist leis sin méadreolaíocht thionsclaíoch agus eolaíoch a sholáthar do lucht tionscail na hÉireann trí rochtain ar chaighdeáin tomhais atá inrianaithe go hidirnáisiúnta, mar aon le calabrú ar ghléasanna ard-mhionchruinnis.

Tacaíonn na seirbhísí sin le gnólachtaí a bhfuil gá acu le hardleibhéal cruinnis sa tomhas ar fud a gcuid próiseas forbartha, monaraithe agus rialaithe.

## AN MHÉADREOLAÍOCHT DLÍ

Is í an Mhéadreolaíocht Dlí feidhm rialála NSAI, agus tá an fheidhm sin freagrach as maoirseacht agus cigireacht a dhéanamh ar thomhais agus ar

uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil, agus tá an chumhacht aici chun imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh mar gheall ar sháruithe ar an reachtaíocht méadreolaíochta.

Feidhmíonn an Mhéadreolaíocht Dlí ar shamhail measúnaithe ar bhonn riosca lena gclúdaítear 40,000 trádálaí agus 75,000 uirlis trádála a úsáidtear thar réimse leathan earnálacha tionscail, ó tháirgeadh bia, lena n-áirítear fiontair a bhíonn i mbun onnmhairithe, chuig miondíoltóirí áitiúla.

Cuireann na cosaintí sin bonn taca faoin gcothromas trádála agus faoi mhuinín na dtomhaltóirí, a chuireann go mór le cobhsaíocht an gheilleagair is gaire d'úsáid an phobail.

## MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

Trí scéimeanna atá aitheanta go hidirnáisiúnta, soláthraíonn NSAI seirbhís neamhspleách tríú páirtí um measúnú comhréireachta, a chuireann ar a gcumas do ghnólachtaí a léiriú dá gcuid custaiméirí, dá bpáirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne go gcomhlíonann a gcuid táirgí nó seirbhísí na caighdeáin chuí. Tá sraith chuimsitheach scéimeanna ar fáil chun freastal ar riachtanais earnáil na tionsclaíochta ina dtaobh seo a leanas:

- **Deimhniú éigeantach:** faoi na rialacháin in earnálacha áirithe, amhail earnáil an leighis agus earnáil na ngluaisteán, ceanglaítear nach féidir táirgí nó seirbhísí a chur ar an margadh gan ceadú ná deimhniú ó chomhlacht ainmnithe ceadaithe; agus
- **Deimhniú deonach:** baineann gnólachtaí leas as sin chun cur lena n-éifeachtúlacht nó chun a léiriú go gcomhlíonann a gcuid táirgí agus seirbhísí riachtanais na gcaighdeán.

Is é aidhm NSAI é **feabhas a chur ar fheidhmíocht** ghnó na hÉireann agus na **tomhaltóirí a chosaint trí** chaighdeáin a chur i bhfeidhm

## IONCAM ÓNÁR GCUID ACMHAINNÍ FÉIN

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Measúnú Comhréireachta | €14.6 milliún | €15 milliún | €15 milliún | €15.4 milliún | €17.6 milliún |
| Díol Caighdeán | €0.8 milliún | €0.8 milliún | €0.8 milliún | €0.8 milliún | €1 milliún |
| Ioncam Eile | €0.3 milliún | €0.1 milliún | €0.1 milliún | €0.2 milliún | €0 |

# CAIGHDEÁIN

## AG CABHRÚ LEIS AN MBORRADH FAOIN NGNÓ

Bhí leibhéal ard gníomhaíochta i rannán na gCaighdeán in 2015, agus rinneadh dul chun cinn nach beag i dtaobh naisc a chothú le páirtithe leasmhara sa taighde, sa nuálaíocht agus san oideachas.

Dhíol NSAI 11,549 caighdeáin ar fud an domhain le linn an ama sin, agus is eagraíochtaí atá lonnaithe in Éirinn a cheannaigh 4,881 díobh. Ar aon dul le treochtaí domhanda, tá laghdú tagtha ar líon na gcaighdeán cruachóipe aonair a dhíoltar, agus is iad na leaganacha PDF ar líne a cheannaíonn a lán eagraíochtaí anois.

I measc na gcaighdeán ba choitianta a ceannaíodh bhí siad siúd do Shuiteálacha Gáis Tí (I.S. 813), Sláinteachas san Earnáil Lónadóireachta (I.S. 340), Soilsiú Éigeandála (I.S. 3217), Córais Bainistíochta Cáilíochta (I.S. EN ISO 9001) agus Córais Braite Dóiteáin agus Córais Aláraim d'Fhoirgnimh (I.S. 3218).

Foilsíodh 1,382 caighdeán san iomlán in 2015, lena n-áirítear 18 gcaighdeán Éireannacha[2] a chlúdaigh réimsí amhail an sláinteachas i dtaobh miondíol agus mórdhíol bia, píblínte tarchurtha gáis agus suiteálacha píblíne agus tógáil as adhmad.

Déanann Éire lánfheidhmiú ar na caighdeáin Eorpacha (comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe) agus tá sí i measc na 10 dtír is tapa a chuireann na caighdeáin sin chun feidhme.

Ag deireadh na bliana 2015, bhí na comhlachtaí um chaighdeáin Eorpacha CEN agus CENELEC, dá bhfuil NSAI ina bhall, ag obair go gníomhach ar 4,613 caighdeán a fhorbairt ar fud gach réimse gnó. Tugann sé sin le fios go dtáirgfear 1,400 caighdeán ar an meán sna trí bliana atá romhainn.

### COISTÍ CAIGHDEÁN

Shuigh 1,422 duine ar choistí NSAI agus ar choistí idirnáisiúnta in 2015, agus iad ag cuidiú le caighdeáin a fhorbairt. Tagann na saineolaithe sin ó chúlraí éagsúla lena n-áirítear tionscail, an saol acadúil, grúpaí tomhaltóirí agus comhlachtaí rialtais.

Tá feidhmiú na gcaighdeán ag lucht gnó ina ghné ríthábhachtach i dtaobh feidhmíocht fheabhsaithe agus in 2015 foilsíodh leaganacha nua den dá phríomhchaighdeán idirnáisiúnta i leith Bainistíocht Cáilíochta (ISO 9001) agus Córais Bainistíochta Comhshaoil (ISO 14001). Rinneadh athbhreithniú ar na caighdeáin sin mar fhreagra ar an domhandú atá ag dul i méad agus ar ionchais chustaiméirí a bheith ag athrú.

Chaith saineolaithe ó níos mó ná 180 tír, Éire san áireamh, atá ina mbaill d'Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO), trí bliana i mbun athbhreithniú ar na caighdeáin sin lena chinntiú go leanfaidh siad ar aghaidh ag cabhrú le heagraíochtaí feabhas a chur ar phróisis ghnó, airgead a shábháil agus déileáil le dúshláin chomhshaoil amach anseo.

- Tá ISO 9001 á úsáid ag beagnach 1.5 milliún cuideachta ar fud an domhain, lena n-áirítear níos mó ná 3,000 cuideachta in Éirinn. Má tá sé i gceist ag eagraíochtaí neartú, sruthlíniú nó athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid nósanna imeachta bainistíochta, is ar an gcaighdeán sin a bhreathnaíonn siad ar dtús.
- Eisítear níos mó ná 300,000 deimhniú ina leith ar fud an domhain gach uile bhliain, agus mar sin tá ISO 14001 ina mhír thábhachtach ar chlár oibre a lán eagraíochtaí ar mór acu a dtionchar ar an gcomhshaol.

Le foilsiú na gcaighdeán athbhreithnithe sin, is féidir le heagraíochtaí dul i mbun a gcláir aistrithe chun ceangaltais na gcaighdeán nua a chomhlíonadh d'fhonn a bheith iomaíoch agus a bheith i riocht níos fearr chun freastal ar riachtanais tairisceana agus ar ionchais na gcustaiméirí.

Ar an leibhéal Eorpach, tá ról lárnach ag NSAI sa tionscadal um Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht Caighdeáin (STEER), atá urraithe ag CEN-CENELEC, a mbeidh tuarascáil ina thaobh le foilsiú i mí na Samhna 2017. Toisc go bhfuil 500 milliún duine ina gcónaí i 33 tír na hEorpa – agus iad go léir ag baint úsáide as an gcóras caighdeánaithe céanna – ní mór rath a bheith ar an tionscadal i dtaobh tógáil ar an gcaidreamh láidir idir na comhlachtaí ar mhaithe le ról na hEorpa sa chlár oibre domhanda um chaighdeánú.

Ar an leibhéal náisiúnta tá NSAI i mbun cainteanna leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) agus le Comhairle Leictriteicniúil na hÉireann (ETCI) faoin ionchas i dtaobh caighdeánú san earnáil leictriteicniúil. Táthar ag súil le cinneadh deiridh maidir leis an ábhar sin in 2016.

---

2 Aguisín 3: Caighdeáin Éireannacha a Foilsíodh in 2015




## TACAÍOCHT D'OIBREOIRÍ GEILLEAGRACHA THAR LEAR

Chomh maith leis an méid thuas, soláthraíonn NSAI seirbhís 'Pointe Teagmhála i leith Táirgí' (PTT) d'oibreoirí geilleagracha nó údaráis inniúla i mballstáit eile de chuid an AE ar mhaith leo a gcuid táirgí nó seirbhísí a chur ar an margadh in Éirinn. Bunaíodh an tseirbhís faisnéise shaor in aisce sin i gcomhréir le Rialachán Uimh. 764/2008 ón AE maidir le hAitheantas Frithpháirteach, atá dírithe ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú trí fheabhas a chur ar shaorghluaiseacht earraí. Le linn 2015, fuair NSAI 11 fhiosrúchán PTT maidir leis an méid seo a leanas:

| Tír | Fiosrúchán |
|---|---|
| An Ostair | ▶ Doirse sleamhnáin |
| An Bheilg | ▶ Vitimíní a chuirtear le bia<br>▶ Ttripteafan i mbia peataí |
| Poblacht na Seice | ▶ Toitíní leictreonacha X 2 |
| An Danmhairg | ▶ Uibheacha ó dheontóir daonna |
| An Fhrainc | ▶ Leasacháin BIOG |
| An Spáinn | ▶ Coirí uisce the<br>▶ Táirgí i gcomhair níocháin agus cúram éadaí, glanadh agus cúram an tí, agus cumhráin seomra |
| An tSualainn | ▶ Buidéil phlaisteacha a athchúrsáil<br>▶ Pacáistiú seachtrach do bhianna réamhphacáilte |

# CAIGHDEÁIN


## AG CABHRÚ LEIS AN MBORRADH FAOIN NGNÓ *(Ar lean)*

### FOILSIÚ CAIGHDEÁN[3] 2015

| | I.S. | I.S.+A | Ceart | Leasú | S.R. | LC | Bileog Idir. | Iars. Náisiúnta | NWA/ SWift |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CENELEC** | 370 | 0 | 15 | 95 | 18 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **CEN** | 841 | 76 | 13 | 31 | 140 | 21 | 0 | 0 | 0 |
| **ISO** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **NSAI** | 4 | 0 | 2 | 4 | 3 | 0 | 0 | 5 | 1 |
| **Iomláin** | **1215** | **76** | **30** | **130** | **161** | **21** | **0** | **5** | **1** |
| **Iomlán an Tuairiscithe** | **1382** | | | | | | | | |

Is ionann Iomlán an Tuairiscithe agus líon na n-eagrán nó na n-athbhreithnithe nua = 1,382 (I.S.+S.R.+NA+NWA)

**CEN-CENELEC – Clár Oibre Gníomhach in aghaidh Réimse Gnó**




3 Aguisín 4: Foilseacháin Caighdeán: Míniú ar na Catagóirí

## TEORAINNEACHA AN TSAINCHÚRAIM I NDÁIL LE CAIGHDEÁNÚ

Is doiciméad comhaontaithe é caighdeán NSAI, a bhfuil saoirse ag gnólachtaí lena ghlacadh agus ina soláthraítear ceangaltais, sonraíochtaí, treoirlínte nó saintréithe is féidir a úsáid go comhsheasmhach lena chinntiú go bhfuil ábhair, táirgí, próisis agus seirbhísí oiriúnach dá gcuspóir beartaithe.

Féadfaidh comhlachtaí rialtais agus comhlachtaí stáit tagairt a dhéanamh do chaighdeáin agus reachtaíocht (e.g. Rialacháin Foirgníochta), treoirdhoiciméid ghinearálta agus Cóid Chleachtais á n-ullmhú acu, rud a dhéanann a lán reachtóirí Eorpacha. I gcásanna den sórt sin glactar leis gurb ionann comhlíonadh an chaighdeáin agus comhlíonadh na reachtaíochta cuí. Mar sin féin, d'fhéadfadh bealaí eile a bheith ann freisin chun comhlíonadh na reachtaíochta a léiriú gan leas a bhaint as caighdeán, ach amháin sa chás ina bhfuil sé ina cheangaltas i bpíosa reachtaíochta caighdeán a chomhlíonadh, nó i gcás caighdeáin atá comhchuibhithe le Rialachán an AE um Tháirgí Foirgníochta agus sa chás ina bhfuil comharthaí CE le cur i bhfeidhm.

Cé go soláthraíonn NSAI seirbhís deimhniúcháin i leith réimse caighdeán ar iarratas ó pháirtithe leasmhara, níl sé de chumhacht aige seiceáil agus póilíniú a dhéanamh ar gach éileamh nó ceanglas i dtaobh comhlíonadh caighdeáin. Is iondúil go mbíonn an méid sin ina chúram ar an bhFeidhm um Chosaint Tomhaltóirí, ar an bhFeidhm Sláinte agus Sábháilteachta, ar Údaráis Áitiúla nó ar chomhlachtaí eile a bhíonn ag brath ar chomhlíonadh na gcaighdeán i mbun dualgais dóibh.

**Rátaí Forfheidhmithe CEN-CENELEC EN/HD in aghaidh na Tíre (Baill Náisiúnta)**



# AN TSAOTHARLANN NÁISIÚNTA MÉADREOLAÍOCHTA

## AN TÚDARÁS UM AONAID AGUS TOMHAIS

Bhí éileamh seasta ar sheirbhísí calabrúcháin in 2015, agus chalabraigh eolaithe i Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI 4,270 uirlis.

I gcás fhormhór na n-uirlisí a ndearnadh calabrú orthu, is san earnáil chógaisíochta (37%), i seirbhísí tástála agus calabrúcháin (27%) agus in earnáil na bhfeistí leighis (20%) a baineadh úsáid astu.

### OILIÚINT

Bhí an-éileamh ar na seirbhísí oiliúna agus tástála inniúlachta dár gcuid. Chuir an tSaotharlann ar bun 17 gcúrsa oiliúna, idir chúrsaí caighdeánacha agus chúrsaí saincheaptha, le haghaidh níos mó ná 90 speisialtóir ó 50 cuideachta, lenar clúdaíodh réimsí amhail iad seo a leanas:

- Calabrú Meáchan agus Meá – Bunú agus Neamhchinnteacht;
- Calabrú ar Theocht, Mais agus Pípéid;
- Calabrú Toiseach agus Tomhais; agus
- Mapáil Teochta.

### TÁSTÁIL OILTEACHTA


Tháinig méadú eile ar an éileamh ar na Seirbhísí Tástála Oilteachta, sásra chun bailíochtú neamhspleách a dhéanamh i dtaobh inniúlacht theicniúil saotharlainne, agus bhí 15 thástáil curtha chun críche faoi dheireadh na bliana.

### NUÁLAÍOCHT AGUS TAIGHDE

Toisc gurb é NSAI an institiúid méadreolaíochta náisiúnta, tá ról tábhachtach ag an taighde maidir lena áirithiú go bhfanfaidh na seirbhísí a sholáthraítear d'earnáil tionsclaíochta na hÉireann ar thús cadhnaíochta san eolaíocht mhéadreolaíochta. Cuireadh 462 lá taighde i gcrích in 2015. Ghlac an fhoireann páirt i dtionscadail taighde fheidhmigh agus rinneadh comhaontú um chomhar taighde le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). I rith na bliana, cuireadh cúig thionscadal taighde chun cinn ar fud roinnt réimsí, agus iad dírithe go príomha ar na hábhair seo a leanas:

- Seoltacht leictrealaíoch (cuireadh tús leis an tionscadal taighde PhD seo ag deireadh na bliana 2015);
- Córas iompar a dhéanamh chun éascú do chalabrú rialacha tomhais, ar nós rialóirí agus miosúr (a bheidh ar siúl go dtí Márta 2016);

**Gníomhaíocht na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta de réir Earnála**





- Uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras uathoibríoch chun calabrú a dhéanamh ar chaighdeáin mhaise 20kg (a cuireadh i gcrích in DCU agus a dhéanfar a shuiteáil agus a choimisiúnú sa tsaotharlann go luath in 2016);
- Uirlis nua Phicea-aimp a fhorbairt a chuirfidh go mór leis an gcumas tomhais atá ag an tSaotharlann i dtaobh sruthanna ísle; agus
- Forbairt a dhéanamh ar chumas teirmiméadrachta infridheirge (cuireadh dhá shliocht as an bpíosa taighde sin faoi bhráid[4] Chomhdháil TempMeko 2016 agus tá glactha leo lena bhfoilsiú).

Fuair an tSaotharlann Meaisín Tomhais 3 Chomhordanáid go luath i mí na Nollag, a chuirfidh ar a cumas leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís tomhais agus cigireachta 3T atá ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta, agus feabhas a chur ar an tseirbhís sin.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, chuaigh an tSaotharlann i mbun comhpháirtíochta le comhghleacaithe Eorpacha i dtrí thionscadal taighde féideartha faoin gClár Méadreolaíochta Eorpach um Thaighde agus Nuálaíocht (EMPIR) sna réimsí seo a leanas:

- SRT-r01 "Trace PQM – Traceability Routes for Power Quality Measurements";
- SRT-r02 "Traceability for Humidity"; agus
- SRT-h04 " Metrology for Additively Manufactured Medical implants".

Cuirfear tús leis na trí thionscadal sin i rith na bliana 2016.

## AN TSAOTHARLANN NÁISIÚNTA MÉADREOLAÍOCHTA THAR LEAR

Agus a stádas idirnáisiúnta á chothú aige, chuir an tSaotharlann i gcrích "iniúchadh piaraí" i rith na bliana, a rinne saineolaí teicniúil EURAMET ó Shaotharlann Náisiúnta Fhisiceach na Ríochta Aontaithe, ar a rannóg Saotharlainne Maise. Níor tháinig neamhchomhréireacht ar bith chun solais.

Thosaigh an tSaotharlann Teochta ag glacadh páirte i ngníomhaíocht idirchomparáide pointí seasta le 28 Institiúid Náisiúnta Tomhais san Eoraip, agus cuireadh i gcrích an chéad sraith tomhas. Tá déantúsán tomhais iompartha chuig Institiúid Náisiúnta Méadreolaíochta na Gearmáine (PTB) chun críocha comparáide. Táthar ag súil leis na torthaí gar do thús na bliana 2016.

4 Siompóisiam Idirnáisiúnta XIII ar Thomhais Teochta agus Tomhais Theirmeacha sa Tionsclaíocht agus san Eolaíocht 2016 Zakopane na Polainne

# AN MHÉADREOLAÍOCHT DLÍ

## CRUINNEAS TOMHAS SA TRÁDÁIL A ÁIRITHIÚ

Ní mian le haon duine praghas níos airde a íoc ar earraí agus seirbhísí ná mar is gá, agus níl aon ghnólacht ag iarraidh ioncam a chailleadh. Bíonn cuid mhaith de na nithe a cheannaímid ó lá go lá, lena n-áirítear peitreal, díosal agus breosla, ag brath ar thomhais. In Éirinn, cinntíonn feidhm Méadreolaíochta Dlí NSAI gur féidir muinín a bheith ag trádálaithe agus tomhaltóirí araon go bhfuil na luachanna sin ceart agus go bhfuil na cainníochtaí a dhíoltar cruinn.

Déanann cigirí Méadreolaíochta Dlí NSAI an méid sin trí thástáil a chur ar uirlisí tomhais na dtrádálaithe, amhail caidéil bhreosla le haghaidh peitril agus díosail, tacsaiméadair, méadair ola téimh bhaile ar na tancaeir seachadta, agus na meánna in ollmhargaí, cógaslanna agus siopaí búistéara. Tá os cionn 75,000 uirlis tomhais á n-úsáid i dtimpeall is 40,000 gnólacht in Éirinn, thar réimse leathan earnálacha.

In 2015, thug cigirí NSAI cuairt ar 5503 áitreabh agus rinne siad cigireacht ar 13,285 uirlis, agus rinne cuideachtaí príobháideacha atá ainmnithe mar fhíoraitheoirí údaraithe ag NSAI bailíochtú ar thart timpeall is 40,469 uirlis.


Bhí laghdú 11% ar líon na n-uirlisí a ndearnadh cigireacht orthu i gcomparáid leis an sprioc 15,000 atá againn toisc gur ghá baill foirne a chur ag obair chun tacaíocht a thabhairt do na cláir um thástáil ar thacsaiméadair lena áirithiú go raibh na tacsaithe ag cloí leis na hOrduithe um Tháillí Uasta 2015 agus chun tabhairt faoi bhailíochtú CE ar chórais chun araid a mheá roimh thabhairt isteach na reachtaíochta um íoc de réir meáchain.

### DÁILEOIRÍ BREOSLA LEACHTAIGH

Mar chuid den chlár cigireachta, cuireadh tástáil ar 5,490 dáileoir breosla leachtaigh (caidéil peitril agus díosail) lena áirithiú go raibh siad ag cloí leis an dlí (rud a chiallaíonn go bhfuil an méid a dháiltear laistigh de na lamháltais -0.5% agus +1% atá leagtha síos sa dlí). Astu siúd a ndearnadh cigireacht orthu, theip ar 342 (6%), laghdú beag i gcomparáid leis an teipráta 7% a tuairiscíodh in 2014. I measc chúiseanna na dteipeanna bhí cásanna ina raibh na caidéil pheitril/díosail neamhbhailíochtaithe tar éis iad a bheith deisithe go gairid roimhe sin, cásanna ina raibh coigeartú déanta orthu, nó cásanna ina raibh na séalaí briste nó dochar déanta dóibh. Thug gach gnólacht aird ar na fógraí rabhaidh agus chuir siad an fhadhb ina ceart laistigh den tréimhse ama a bhí sonraithe.

Le linn na gcigireachtaí ar dháileoirí breosla leachtaigh, thug ár gcigirí faoi deara go bhfuil méadú ag teacht ar líon na miondíoltóirí a úsáideann Cuntasaíocht Chaighdeánach Teochta nó cúititheoirí teochta ar a gcuid dáileoirí breosla leachtaigh. Ina measc siúd a ndearnadh cigireacht orthu, bhí an gaireas sin ar thart ar 10% díobh. Tá rialacháin dochta i bhfeidhm lena rialaítear an chomhsheasmhacht maidir le húsáid na n-uirlisí sin agus bhuail NSAI leis an gCoimisiún um Chosaint Tomhaltóirí agus Iomaíochais d'fhonn comhlíonadh a áirithiú san earnáil sin.

**Tástálacha de réir Chineál na hUirlise**



## TACSAIMÉADAIR/DÍOLPHOINTE

As na 2,569 tacsaiméadair a ndearna an fheidhm Méadreolaíochta Dlí cigireacht orthu i rith na bliana, theip ar bheagnach a leath (46%) agus tugadh rabhadh dóibh. Is ionann é sin agus méadú 15% ar líon na dtacsaiméadar ar theip orthu an bhliain roimhe sin. I measc na gcúiseanna bhí cásanna ina raibh an tacsaiméadar neamhbhailíochtaithe tar éis dó a bheith deisithe, athraithe nó coigeartaithe le déanaí, cásanna ina raibh na séalaí briste nó dochar déanta dóibh, nó cásanna ina raibh moill ar bhailíochtú a fhad agus a bhíothas ag fanacht leis an méadú náisiúnta ar na táillí. Thug na tacsaithe aird ar na fógraí rabhaidh agus cuireadh na fadhbanna ina gceart laistigh den tréimhse ama a bhí sonraithe, agus faoi dheireadh na bliana bhí ráta géilliúntais 95% i gceist i measc na dtacsaithe a ndearnadh cigireacht orthu.

Theip ar 227 (13%) uirlis tomhais díolphointe as na 1,769 cinn a ndearnadh tástáil orthu in 2015.

## ÍOC DE RÉIR MEÁCHAIN

Agus é beartaithe ag an Roinn Comhshaoil an reachtaíocht um íoc de réir meáchain a thabhairt isteach i mí Iúil 2016, sa dara leath den bhliain 2015 tháinig méadú ar líon na mbailíochtaithe CE ar chórais meáite araidí a úsáidtear san earnáil bailithe dramhaíola tí.

Faoin gcóras nua sin, ní bheidh cead a thuilleadh ag na cuideachtaí dramhaíola buntáille bhliantúil ná táille in aghaidh an bhailiúcháin a ghearradh ar a gcuid custaiméirí. Ina áit sin, déanfar billí dramhaíola a ríomh de réir meáchain.


Tá thart ar 750 leoraí araide i bPoblacht na hÉireann, agus díríodh in 2015 ar an obair ullmhúcháin do na córais a úsáidfear, lena chinntiú go bhfuil an bruscar á mheá go cruinn acu agus go bhfuil na cainníochtaí a ngearrtar táille ina leith cruinn.

## FAIREACHAS AR AN MARGADH


Mar chuid den tionscadal AE um fhaireachas ar an margadh, rinneadh cigireacht ar 50 meá neamh-uathoibríoch i rith na bliana, agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid Choimisiún an Aontais Eorpaigh lena breithniú.

Fuair an fheidhm Méadreolaíochta Dlí 99 gearán le linn 2015, agus rinneadh imscrúdú ar gach ceann acu agus glacadh gníomh ina leith de réir mar ba chuí. Ní dhearnadh aon trádálaithe a ionchúiseamh ná níor forchuireadh aon smachtbhannaí orthu ag éirí as na gearáin sin.

### Teipeanna Tástála Tráth na Cigireachta




### Cúiseanna an Teipthe



# MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

## DEIMHNIÚCHÁN I LEITH COMHLÍONADH CAIGHDEÁN

Cuireann NSAI seirbhísí um measúnú comhréireachta, deimhniúchán agus ceadú ar fáil trí shaineolas teicniúil a chuid ranna a bhíonn ag plé leis na réimsí seo a leanas: Sármhaitheas Gnó, Tacaíocht don Mhargadh agus Tacaíocht Rialála, Inbhuaine agus an Timpeallacht Thógtha, agus Feistí Leighis, mar aon le NSAI Inc. (an fhochuideachta dár gcuid sna Stáit Aontaithe a sholáthraíonn réimse scéimeanna i ndáil le sármhaitheas gnó agus feistí leighis do chliaint sna Stáit Aontaithe agus in áiteanna eile thar lear).

Mar léiriú ar an aimsiú domhanda atá ag na seirbhísí deimhniúcháin agus ceadaithe, tá deimhnithe eisithe ag NSAI d'eagraíochtaí in 58 tír[5].

In 2015, tháinig méadú 12.5% ar ioncam NSAI óna chuid acmhainní féin de bharr feabhas a bheith tagtha ar dhálaí geilleagracha. Léiríonn an fheidhmíocht airgeadais sin an-éileamh ar dheimhniúchán/ceaduithe ar fud raon seirbhísí an Údaráis agus an tionchar dearfach a d'imir gluaiseachtaí ráta malartaithe i ndollar na Stát Aontaithe i leith na bliana.

5 Aguisín 5: Tíortha inar eisigh NSAI Deimhnithe

### SÁRMHAITHEAS GNÓ: CAIGHDEÁIN A CHUR CHUN FEIDHME AR MHAITHE LE BUNTÁISTE IOMAÍOCH


In 2015, d'eisigh Sármhaitheas Gnó NSAI 226 deimhniú do 121 eagraíocht ar fud an domhain.

Bhain gnólachtaí amach deimhniú i leith caighdeáin éagsúla lena n-áirítear ISO 9001 (Córais Bainistíochta Cáilíochta), ISO 14001 (Córais Bainistíochta Comhshaoil) agus OHSAS 18001 (Córais Bhainistíochta um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde), agus é á chruthú acu go mbíonn siad ag feidhmiú de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Bhí méadú mór ar líon na n-iarratas sa réimse sin le linn na bliana, agus fuarthas níos mó ná 500 iarratas ar luachana, méadú 30% i gcomparáid le 2014.

Ag an am céanna leis an mborradh sin faoin ngníomhaíocht, tháinig laghdú nach beag ar líon na n-eagraíochtaí a tharraing siar ó scéimeanna deimhniúcháin, laghdú 40% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

**Próifíl na Scéime um Shármhaitheas Gnó**





Tríd is tríd, tá an fheidhmíocht sin ag teacht le torthaí an tsuirbhé a rinne an chuideachta Behaviour and Attitudes ar an luach a chuireann eagraíochtaí ar dheimhniúchán neamhspleách tríú páirtí, go háirithe agus iad ag ullmhú i gcomhair an téarnaimh gheilleagraigh agus cor chun feabhais ag teacht ar a gcuid cúrsaí gnó.

## DEIMHNIÚCHÁIN ILSCÉIMEANNA

Tháinig méadú nach beag ar líon na n-eagraíochtaí a chur isteach ar dheimhnithe i leith il-láithreacha agus ilscéimeanna in 2015. Léiríonn an méid sin an treocht idirnáisiúnta i ndáil le gnólachtaí a bheith ag lorg comhlacht deimhniúcháin amháin atá in ann an raon iomlán táirgí deimhniúcháin a sholáthar is infheidhme maidir lena dtionscal ar leith, ní hamháin ar an leibhéal náisiúnta ach ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin. Is sa chomhthéacs sin a choimeádann NSAI bonn leathan ildisciplíneach iniúchóirí agus a ndearna sé leathnú ar raon feidhme an chreidiúnaithe dá chuid ar fud gach ceann dá scéimeanna cáilíochta, comhshaoil agus bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ceirde i rith na bliana.

## FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

Leanadh ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht idir NSAI agus Business in the Community Ireland, agus mhéadaigh líon na gcuideachtaí a deimhníodh i leith an Chomhartha um Ghnólacht atá ag Obair go Freagrach, bunaithe ar an gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 26000 (Freagracht Shóisialta), go dtí 17 gcuideachta.

Tá an scéim deimhniúcháin sin, faoina dtacaítear leis an bplean náisiúnta um Fhreagracht Chorparáideach agus Shóisialta, dírithe ar aitheantas a thabhairt do na cuideachtaí atá ag cur an dea-chleachtais chun feidhme agus iad ag tabhairt aghaidh ar an bhfreagracht atá orthu as a dtionchar ar an tsochaí.

I suirbhé a rinneadh in 2014 ar 350 eagraíocht, fuarthas amach go raibh líon suntasach (47.5%) de na freagróirí tar éis nósanna imeachta um Fhreagracht Shóisialta a chur chun feidhme cheana féin, agus go ndúirt 14.6% eile díobh go raibh siad ag obair i dtreo na sprice sin. Mar sin féin, fágann sé sin go bhfuil deis mhór feabhais ann go fóill: d'admhaigh thart ar 37.9% de na freagróirí nach bhfuil siad tosaithe ag forbairt na nósanna imeachta freagrachta sin go fóill ná á gcur chun feidhme.

## SCOTHSHEIRBHÍS Ó SCOTHFHOSTAITHE

In 2015, d'eisigh rannóg NSAI um Shármhaitheas Gnó 11 deimhniú d'eagraíochtaí a bhain amach deimhniúchán san aon scéim amháin atá ag Éirinn i ndáil le bainistíocht éifeachtach acmhainní daonna, Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe (SóS).

Is tionscnamh é Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe atá ar bun faoi Phlean Gníomhaíochta Rialtas na hÉireann do Phoist. Ó cuireadh tús leis an scéim in 2012, tá 136 deimhniú SóS tugtha ag NSAI do 56 eagraíocht, idir bheag agus mhór, ar fud réimse tionscal san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.

Lena chois sin, d'eagraigh NSAI na Dámhachtainí um Shármhaitheas i dtaobh Forbairt Daoine in 2015, chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí as ucht a gcuid oibre maidir le struchtúir feabhsaithe Acmhainní Daonna a chur chun feidhme, go háirithe maidir le hoiliúint agus forbairt foirne, cumarsáid, agus rannpháirtíocht na foirne sa phróiseas cinnteoireachta. Fógraíodh gurb é Sodexo Ireland buaiteoir foriomlán na Dámhachtana um Shármhaitheas i dtaobh Forbairt Daoine 2015.

## IMEACHTAÍ DEA-CHLEACHTAIS

Chun tacú le foilsiú na gcaighdeán athbhreithnithe um Chórais Bainistíochta Cáilíochta agus Córais Bainistíochta Comhshaoil i rith na bliana, chuir NSAI ar bun clár 10 n-imeacht dea-chleachtais ar fud na tíre. Dearadh an clár saor in aisce sin chun eagraíochtaí a chur ar an eolas agus a ullmhú i gcomhair na bhfeabhsuithe tábhachtacha ar na caighdeáin sin, rud a chuideoidh leo dul i ngleic le dálaí gnó atá ag athrú, ón athrú aeráide go dtí bainistíocht an tslabhra soláthair.

# TACAÍOCHT MARGAIDH AGUS TACAÍOCHT RIALÁLA

## CUMASÚ AN CHREATA RIALÁLA

Cé go bhfágann an géarú ar luas an ghéilliúntais i dtaobh rialacháin náisiúnta agus rialacháin AE go bhfuil machaire réidh ar fud limistéar trádála na hEorpa, tá sé ina thoradh air freisin go bhfuil dúshláin shuntasacha le sárú ag eagraíochtaí agus iad ag iarraidh a gcuid deiseanna gnó a leathnú agus a fhorbairt. Díríonn na príomhghníomhaíochtaí a sholáthraíonn NSAI[6] sa chomhthéacs rialála ar dhá earnáil ar leith, is iad sin earnáil na ngluaisteán agus earnáil an bhia.

### EARNÁIL NA NGLUAISTEÁN

Tugann NSAI tacaíocht d'earnáil na ngluaisteán trí fhorbairt agus leithdháileadh comhairle teicniúla córasaí agus scéimeanna atá dírithe ar fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht táirgí nua gluaisteán, agus trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar na ceanglais maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht feithiclí agus ar ghnéithe comhshaoil díobh.

D'eisigh NSAI níos mó ná 7,000 ceadú náisiúnta agus Eorpach in 2015. As an 7,000 sin, ceaduithe Eorpacha (AE/UNECE) a bhí i gceist le 2,494 díobh, agus bhain 3,154 acu le ceadú ar oiriúnuithe feithiclí do thiománaithe faoi mhíchumas.

### IONAID TÁSTÁLA CHEADAITHE

Ina cháil mar Údarás Cineálcheadaithe na hÉireann, tá roinnt Seirbhísí Teicniúla bunaithe ag NSAI agus tá Ionaid Tástála Cheadaithe ceaptha aige chun na tástálacha agus na cigireachtaí ábhartha a chur i gcrích maidir le Feithiclí Tráchtála, Deimhniú Leantóirí, Scéim Ceadúnais um Fheithiclí Nua a Oiriúnú do Thiománaithe Míchumasaithe, Cineálcheadú Mótarfheithiclí AE (Treoir ón AE), Ceadú Feithicle Aonair agus Cineálcheadú Sraitheanna Beaga Náisiúnta. Ina theannta sin, tá NSAI údaraithe chun ceadúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar cheardlanna a sholáthraíonn Seirbhísí Tacagraif, Teorantóirí Luais Bóthair agus Seirbhísí Plátaí.

Tá 24 Seirbhís Theicniúil ceaptha ag NSAI, agus ceann curtha lena líon in 2015, a úsáidtear le haghaidh ceaduithe AE/UNECE, agus tá 38 Ionad Tástála Ceadaithe aige, lena n-áirítear cúig cinn nua i mbliana, i ndáil le ceadúnú náisiúnta.

6 Aguisín 6: Ainmniúcháin agus Aitheantais de chuid NSAI




## AN CHREAT-TREOIR UM MÓTARFHEITHICLÍ

I mí Aibreáin 2009 rinneadh an Chreat-Treoir um Mótarfheithiclí (2007/46/CE) a thrasuí. Sa Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit uile scéimeanna ceadaithe náisiúnta a bheith curtha chun feidhme acu ar shraith dátaí forfheidhmiúcháin, ón 29 Aibreán 2009 go dtí an dáta cur chun feidhme deiridh le haghaidh Feithiclí Tráchtála Móra i Rang N2 agus N3 ar an 29 Deireadh Fómhair 2014.


D'fhág an treoir sin go raibh méid suntasach oibre le déanamh ag NSAI i ndáil le Ceadúnú Feithiclí, Ceadúnú Ionad Tástála, Oiriúnaithe ar Fheithiclí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus scéimeanna um Dhéanamh Creatlach Feithicle i measc eile.

**Próifíl na Scéime Gluaisteán**



## CUMASÚ AN CHREATA RIALÁLA *(ar lean)*

**Ama Próiseála um Cheadú Feithicle 2015**




Le tabhairt isteach chéim na treorach ina bpléitear le Feithiclí Tráchtála Móra i Rang N2 agus N3, bhí dúshláin shuntasacha le sárú ag an tionscal agus ag NSAI ag tús na bliana 2015, ag teacht leis an timthriall nua um chlárú feithiclí. D'fhág sé sin go raibh moilleanna i gceist agus méadú ar amanna ceadaithe go dtí go raibh éifeacht ag Soláthar Malartach Seirbhíse, a tugadh isteach i mí na Nollag 2014 trí APPLUS (atá freagrach as feidhmiú na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna). De thoradh a gcuid oibre siúd, laghdaíodh na hamanna próiseála de réir a chéile go dtí leibhéil níos inbhuanaithe don tionscal le linn na bliana 2015.

Mar gheall ar an bhfadhb a tháinig i gceist i rith na bliana le hastaíochtaí ó ghluaisteáin Volkswagen, bhí imní ar an bpobal faoi phróiseas ceaduithe na hEorpa maidir le hastaíochtaí feithiclí. Níl NSAI ag próiseáil ceaduithe do Volkswagen faoi láthair. In 2015, áfach, shocraíomar athbhreithniú a dhéanamh ar cheaduithe astaíochtaí dár gcliaint agus dá bhrí sin rinneamar anailís orthu seo a leanas:

- Ceaduithe astaíochtaí atá i bhfeidhm faoi láthair i leith cliant;
- Socruithe um Chomhréireacht Táirgeachta; agus
- Socruithe úsáide agus pleananna don todhchaí maidir le riachtanais tástála nua.

Níor tháinig aon ábhar imní chun solais le linn an athbhreithnithe.

## BIA

Tá an tsábháilteacht bia fós ina hábhar cúraim ar fud an domhain, ní amháin mar gheall ar an tábhacht a bhaineann léi i dtaobh na sláinte poiblí, ach freisin mar gheall ar a tionchar ar an trádáil idirnáisiúnta.

Sula dtagann an bia chomh fada leis an tomhaltóir, d'fhéadfadh go leor eagraíochtaí a bheith bainteach leis an slabhra táirgthe, dáileacháin agus díola. Baineann an Córas Bainistíochta Sábháilteachta Bia (ISO 22000) le haon ghnó feadh an tslabhra bia, cosúil le táirgeoirí beatha ainmhithe, táirgeoirí bia, oibreoirí iompair agus stórála, óstáin, bialanna nó miondíoltóirí. Tá an caighdeán bunaithe ar an saineolas teicneolaíochta, bainistíochta agus eolaíochta is úire agus is é is aidhm dó machaire réidh a chruthú ar fud margaí réigiúnacha, ilchríochacha agus domhanda trí chórais chomhchuibhithe um bainistíocht sábháilteachta bia a chur in ionad caighdeáin áitiúla éagsúla, agus na córais sin a thagarmharcáil i gcoinne an dea-chleachtais. Leis an deimhniúchán i leith ISO 22000, dearbhaítear do chustaiméirí agus comhpháirtithe trádála féideartha go bhfuil na caighdeáin dhomhanda is airde á gcomhlíonadh i dtaobh sláinteachas agus sábháilteacht bhia.

Is amhlaidh níos mó ná riamh go bhfuil na himreoirí móra sna hearnálacha bia idirnáisiúnta ag glacadh an Chórais Deimhnithe um Shábháilteacht Bia (FSSC) agus ag spreagadh a gcuid soláthraithe chun an rud céanna sin a dhéanamh, rud a mbíonn tionchar aige ar mhonaróirí bia na hÉireann.

Tairgeann NSAI deimhniú i leith an dá chaighdeán sin mar aon le scéimeanna eile a bhaineann leis an tionscal bia agus dí mar seo a leanas:


- ISO 22000:2005 Córas Bainistíochta Sábháilteachta Bia;
- FSSC 22000:2010 Deimhniú i leith Córas Sábháilteachta Bia;
- 2004/1935/CE: Creat-rialachán ón AE ar Ábhair agus Nithe atá ceaptha lena bheith i dTadhall le Bia;
- ISO 24512: 2007 Treoirlínte maidir le Seirbhísí Uisce Óil agus Seirbhísí Fuíolluisce; agus
- 80/777/CEE agus 2003/40/CE: Uisce Mianraí Nádúrtha.

Bhí an ghníomhaíocht san earnáil sin fós cobhsaí: d'eisigh NSAI 11 deimhniú in 2015, agus bhí toradh dearfach ar an gcéad iniúchadh faoin FSSC a cuireadh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair.

Cuimsítear le FSSC 22000, atá faoi mhaoirseacht na Fondúireachta um Dheimhniúchán Sábháilteachta Bia, ISO 22000 agus ISO/TS 22002-1. Monaróirí bia a ndéanann comhlachtaí deimhniúcháin creidiúnaithe, ar nós NSAI, iniúchóireacht orthu i leith na gcaighdeán sin, féadfar iad a dheimhniú i leith an chaighdeáin um Chóras Sábháilteachta Bia.

Tá NSAI údaraithe freisin, faoi chonradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, i dtaobh seirbhísí cigireachta a chur ar fáil do tháirgeoirí uisce mianraí nádúrtha agus do sholáthraithe agus tairgeoirí ábhair teagmhála bia.

**Próifíl na Scéime Bia**



# INBHUAINE AGUS AN TIMPEALLACHT THÓGTHA

## AG TÓGÁIL I GCOMHAIR TODHCHAÍ INBHUANAITHE

Tríd an deimhniúchán i réimse na hInbhuaine agus na Timpeallachta Tógtha, cuirtear ar a gcumas do chuideachtaí Éireannacha san earnáil foirgníochta a gceanglais dlí a chomhlíonadh (faoi rialacháin AE) agus iad ag cur a gcuid táirgí ar an margadh, in Éirinn agus thar lear.

### COMHARTHAÍ CE

Faoi Rialachán na bliana 2013 maidir le Táirgí Foirgníochta, ní mór comhartha CE a bheith ar gach táirge foirgníochta.

Faoi láthair is é NSAI an t-aon chomhlacht náisiúnta dá dtugtar fógra a thugann an mhodheolaíocht do dhéantóirí Éireannacha chun an comhartha CE a chur ar a gcuid táirgí do na margaí baile agus na margaí onnmhairithe.

De bhrí go raibh tuiscint ag níos mó monaróirí anois ar a gcuid oibleagáidí sa réimse sin, bhí feidhmíocht láidir ann i leith scéim na gcomharthaí CE in 2015. Rinne NSAI 273 cigireacht faoin gcóras, agus tá liosta iomlán de na táirgí foirgníochta deimhnithe ar an láithreán gréasáin atá againn.

### INSLIÚ BAILE

Tráth a bhí an geilleagar ag fás agus dreasachtaí leanúnacha á dtairiscint chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach san áit chónaithe, lean an borradh a bhí faoi na scéimeanna deimhniúcháin do chonraitheoirí inslithe le bliain anuas.

Níl sé de chumhacht ag NSAI ach cigireachtaí a dhéanamh ar shuiteálaithe inslithe cláraithe agus faoi láthair níl aon cheanglas dlí in Éirinn i dtaobh suiteálaí inslithe a bheith deimhnithe nó cláraithe. Dá bhrí sin, ní mór d'úinéirí tí a bheith cúramach agus taighde críochnúil a dhéanamh sula bhfostóidh siad conraitheoir le haghaidh dul i mbun obair athchóirithe. Sheol NSAI feachtas feasachta in 2015 ina mhol sé d'úinéirí tí gan a fhostú ach suiteálaithe inslithe agus táirgí atá deimhnithe agus athchóiriú á dhéanamh ar a gcuid tithe.

Déanann ár gcigirí deimhniúcháin iniúchtaí bliantúla ar shuiteálaithe inslithe cláraithe lena chinntiú go bhfuil siad inniúil i dtaobh shuiteáil an táirge agus go bhfuil na hábhair chuí á n-úsáid acu. Faoi dheireadh na bliana, bhí 123 suiteálaí a bhí deimhnithe ag NSAI i leith insliú ballaí seachtracha agus bhí 140 suiteálaí deimhnithe aige i dtaobh insliú lánlíonta cuasbhallaí sa tír seo. Tá liosta iomlán de na suiteálaithe atá deimhnithe ag NSAI agus cláraithe leis ar an láithreán gréasáin ag NSAI.ie/insulation

Rinne NSAI níos mó ná 260 iniúchadh in 2015, i réimsí ar nós córais inslithe do bhallaí seachtracha, rátálacha fuinnimh fuinneoige, agus insliú feirbín do chuasbhallaí.

| Gníomhaíocht | |
|---|---|
| Comharthaí CE – Rialacháin um Tháirgí Foirgníochta | 273 Iniúchadh Curtha i gCrích |
| ISO50001 – Bainistíocht Fuinnimh | 10 gclárúchán |
| Insliú Seachtrach – Córais Ilchodacha um Insliú Teirmeach (ETICS) | 123 deimhniú |
| Insliú Lánlíonta Cuasbhallaí | 140 deimhniú |
| Iniúchtaí Deimhnithe um Tháirgí Foirgníochta lena n-úsáid i Margaí AE | 465 iniúchadh |

## BAINISTÍOCHT FUINNIMH

Tacaíonn an caighdeán Bainistíochta Fuinnimh (ISO 50001) le heagraíochtaí i ngach earnáil i dtaobh fuinneamh a úsáid ar shlí níos éifeachtaí, trí chóras bainistíochta fuinnimh a fhorbairt.

Thaifead NSAI méadú ar líon na ngnólachtaí ar mian leo a bheith deimhnithe i leith an chaighdeáin sin in 2015, agus faoi dheireadh na bliana bhí 10 ngnólacht nua cláraithe faoin scéim, a bhformhór ó earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide.

Ó bunaíodh é in 2011, d'eisigh NSAI 64 deimhniú i leith an chaighdeáin sin, agus thuairiscigh roinnt gnólachtaí gur spáráil siad os cionn €30,000 in aghaidh na bliana i gcostais fuinnimh.

Thosaigh NSAI ag forbairt scéime um Dhearadh atá Éifeachtach ó thaobh Fuinnimh i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann in 2015. Is modheolaíocht é sin a chabhraíonn le heagraíochtaí tionscadail a dhearadh, a thógáil agus a bhainistiú chun an t-ídiú fuinnimh a íoslaghdú. Beidh an scéim faoi shiúil go luath in 2016.

## CRUACH THÓGÁLA

Leagadh béim mhór ag tús 2015 ar I.S. EN 1090-1 Ceanglais maidir le Measúnú Comhréireachta ar Chomhpháirteanna Struchtúracha. Tagann cruach thógála agus alúmanam faoin Rialachán um Tháirgí Foirgníochta anois agus dá bhrí sin ní mór comharthaí CE a bheith orthu lena léiriú go gcomhlíonann siad EN 1090-1:2009 agus A1:2011 Forghníomhú Struchtúr Cruach agus Struchtúr Alúmanaim. Tá roinnt céimeanna i gceist ansin a chuirtear i gcrích le deimhniú ó thríú páirtí. Thug NSAI aghaidh ar na dúshláin shuntasacha a bhí le sárú de bharr easpa ullmhachta sa tionscal ar leith sin, trí na tionscnaimh seo a leanas:


- Feachtas faisnéise spriocdhírithe agus seimineáir faisnéise do na hOifigí Fiontair Áitiúla;
- Faisnéis ar an ngréasán i dtaobh riachtanais deimhnithe;
- Cumarsáid réamhghníomhach trí chomhlachtaí ionadaitheacha/páirtithe leasmhara;
- Na bunchaighdeáin I.S. EN 1090-1 agus I.S. EN 1090-2 a chur ar fáil trí na hOifigí Fiontair Áitiúla don lucht tionscail ar ráta pacáistithe lascainithe;
- Forbairt a dhéanamh ar phointe teagmhála/sainchomhairleoirí/tacaíochtaí oiliúna lena chur ar a chumas don tionscal na ceanglais atá sna Rialacháin um Tháirgí Foirgníochta a chomhlíonadh i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus leis an líonra Oifigí Fiontair Áitiúla; agus
- An creidiúnú a bhaint amach ionas gur féidir le NSAI gníomhú mar chomhlacht cigireachta dá dtugtar fógra.

Dá bhrí sin, deimhníodh 35 cuideachta i leith EN 1090 agus bhí 20 cuideachta eile ag fanacht leis an deimhniúchán ag deireadh na bliana. Tá an-spéis á léiriú sa scéim sin go fóill.

## IONCHAS

Cé go raibh dúshláin fós le sárú san earnáil foirgníochta, ba iad na príomhréimsí ina raibh na deacrachtaí ba mhó ná deimhniú Agrément ar tháirgí nua agus ar tháirgí nuálacha do thionscal na foirgníochta agus réimse na slándála.

É sin ráite, tá cúis dóchais ann mar go raibh méadú suntasach le sonrú sa dara leath den bhliain ar leibhéal na bhfiosruithe maidir leis an bpróiseas Agrément, atá ina tháscaire ar ghnó nua féideartha in 2016.



# FEISTÍ LEIGHIS

## Á DHEIMHNIÚ GO GCOMHLÍONTAR RIACHTANAIS AN MHARGAIDH

Ina cháil mar chomhlacht na hÉireann dá dtugtar fógra i gcomhair feistí leighis, tá ról lárnach ag NSAI maidir le tionscal feistí leighis na tíre seo a fhorbairt agus a bheith i mbun oibre chun rochtain ar ghléasanna atá bunaithe ar an teicneolaíocht is nuaí a thabhairt d'ospidéil agus sa chóras cúraim sláinte níos leithne san Eoraip.

Mar gheall ar an oiread cuideachtaí ó na Stáit Aontaithe a bheith san earnáil feistí leighis, soláthraíonn ár bhfochuideachta, NSAI Inc., atá lonnaithe in Nashua, Nua Hampshire, Stáit Aontaithe Mheiriceá, bainistíocht oibríochtúil agus maoirseacht i dtaobh ghníomhaíochtaí deimhniúcháin NSAI i ndáil le feistí leighis.

Ónár gcuid bonn in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe, tá NSAI in ann seirbhísí deimhniúcháin a thairiscint do chomhlachtaí atá ag feidhmiú i níos mó ná 30 tír.

### NSAI – COMHLACHT ARDLEIBHÉIL DÁ DTUGTAR FÓGRA

Bhí dúshláin nach beag le sárú ag earnáil deimhnithe na bhfeistí leighis in 2015 toisc go bhfuil rialacha Eorpacha tar éis an caighdeán a ardú i dtaobh na dtairseach creidiúnaithe a chaithfear a bhaint amach chun an stádas a choinneáil mar chomhlacht dá dtugtar fógra san earnáil.

Le linn na tréimhse sin, i gcás breis is 20 comhlacht Eorpach dá dtugtar fógra, rinneadh laghdú mór ar a raon feidhme nó dí-ainmníodh iad. Dá bharr sin, tá méadú tagtha ar líon na bhfiosrúchán a fhaigheann NSAI óna chuid cliaint agus iad ag iarraidh leanúint ar aghaidh lena gcuid seirbhísí deimhniúcháin. San iomlán, próiseáladh 67 iarratas nua i leith feistí leighis i rith na bliana.

San am céanna, rinne an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte iniúchadh i dtaobh ath-ainmniú agus dheimhnigh sé NSAI mar chomhlacht ardleibhéil dá dtugtar fógra. Is rud thar a bheith dearfach é sin don dea-cháil atá ar an eagraíocht sa tír seo agus thar lear sa réimse an-speisialaithe seo a mbaineann tábhacht náisiúnta léi, toisc go bhfuil 400 cuideachta feistí leighis in Éirinn agus 29,000 duine fostaithe iontu.

### INIÚCHTAÍ NEAMHFHÓGARTHA

Rinne NSAI 37 iniúchadh neamhfhógartha ar chuideachtaí feistí leighis in 2015, ag teacht leis an moladh ó Choimisiún an AE le haghaidh deimhniúchán feistí leighis. Faoi na rialacháin, ní mór iniúchadh neamhfhógartha a dhéanamh ar a laghad uair amháin gach trí bliana. Is éard atá i gceist leis sin athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phróisis, ar dhaoine agus ar chórais lena chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht na rialacháin forfheidhmithe is bonn leis na ceanglais i dtaobh creidiúnaithe.

### OIFIG RÉIGIÚNACH

Chríochnaigh NSAI an t-athchóiriú ar a oifig réigiúnach i nGaillimh sa bhliain atá imithe tharainn. Tá beirt phríomhbhall foirne ceaptha agus beidh an oifig faoi lán seoil go luath in 2016. Is dócha go rachaidh sé chun tairbhe do ghnólachtaí agus don eagraíocht ina hiomláine láithreacht bhuan a bheith ag NSAI i mol an tionscail feistí leighis in Éirinn.



# NSAI INC.



> Is gné lárnach é den iomrá idirnáisiúnta atá ar NSAI ina iomláine, dá ioncam dílis, agus dá réimse taithí.

Tairgeann NSAI Inc. córais bainistíochta phríomhshrutha agus deimhniú feistí leighis, agus is gné lárnach é den iomrá idirnáisiúnta atá ar NSAI ina iomláine, dá ioncam dílis, agus dá réimse taithí.

Ba léir go raibh tionchar dearfach ag an neartú ar dhollar na Stát Aontaithe le linn na bliana ar ár n-oibríochtaí airgeadais agus rinne sé cúiteamh éigin ar na srianta acmhainní a chuireann as dár gcumas freastal ar riachtanais na gcliant.

Bhí laghdú beag ar líon na gcliant nua de chuid oibríochtaí príomhshrutha NSAI Inc. in 2015. Mar sin féin, d'éirigh go maith leis na hoibríochtaí, agus próiseáladh 69 iarratas nua ar dheimhniú.

Níl duine tiomnaithe i ról an Oifigigh Forbartha Gnó, rud a imríonn drochthionchar ar iarratais nua i dtaobh feistí leighis, ach tá an dara duine ceaptha i nGaillimh agus tá acmhainn sna Stáit Aontaithe chun iarracht a dhéanamh an deacracht sin a réiteach in 2016.

Tá deimhnithe eisithe ag NSAI Inc. in 41 tír[7], rud a léiríonn tábhacht agus aimsiú domhanda a chuid seirbhísí deimhniúcháin.

7 Aguisín 5: Tíortha inar eisigh NSAI Deimhnithe

# RÁITEAS UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH

## AN BORD

De réir fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996, is é an tAire a cheapann na Comhaltaí ó na leasanna sin atá páirteach sa phróiseas um thráchtearraí, próisis agus cleachtais a chaighdeánú agus a dheimhniú, gan aon leas ar leith a bheith i réim. Tá Bord NSAI comhdhéanta de Chomhaltaí an Údaráis.

Trí chomhalta déag atá ar an mBord: Cathaoirleach agus dáréag Comhaltaí, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach a bhíonn ina chomhalta nó ina comhalta de bhrí oifige. Tráth lá cinn bliana bhunú an Údaráis, cuireann an triúr Comhaltaí is faide seirbhís iad féin i láthair chun dul ar scor ón mBord.

Feidhmíonn an Bord agus a Choistí de réir threoirlínte an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit atá eisithe ag an Roinn Airgeadais.

Tá an Bord freagrach as straitéis agus beartais ghinearálta na heagraíochta a leagan síos, maoirseacht a dhéanamh ar a cuid oibríochtaí, agus as a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe inmheánaigh chun maoirseacht a dhéanamh ar a cuid oibríochtaí. Comhlíonann sé na feidhmeanna sin ar bhonn díreach agus trí fheidhmiú Coistí Boird spriocdhírithe. Is ar an lucht bainistíochta feidhmiúcháin atá an fhreagracht as an mbeartas a chur chun feidhme.

De réir an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, cloíonn NSAI go hiomlán le beartas an Rialtais maidir le pá Príomhfheidhmeannach agus fostaithe Comhlachtaí Stáit agus le treoirlínte an Rialtais maidir le táillí a íoc le Comhaltaí Boird.

Thionóil an Bord sé chruinniú in 2015.



# AN BORD



Julie O'Neill
Cathaoirleach



Maurice Buckley
Príomhfheidhmeannach



Valerie Bowens



Kieran Cox



Eugene Forde



Aideen Goggin



Terry Landers



Kevin Earley



Aidan O'Boyle



Deirdre O'Hara



Kieran Ryan



Deirdre Smith



Peter Oates
*D'imigh ar scor*



Barbara O'Leary
*D'imigh ar scor*

| Comhaltaí Boird | Ceapacháin/Ar Scor 2015 | Cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|
| J. O'Neill Uasal – Cathaoirleach | | 6 | 6 |
| V. Bowens Uasal | | 6 | 5 |
| An tUasal E. Forde | | 6 | 6 |
| A. Goggin Uasal | | 6 | 5 |
| An tUasal T. Landers | | 6 | 5 |
| Dr A. O'Boyle | | 6 | 5 |
| D. O'Hara Uasal | | 6 | 6 |
| B. O'Leary Uasal | Ar scor Aibreán 2015 | 1 | 1 |
| An tUasal K. Ryan | | 6 | 5 |
| D. Smith Uasal | | 6 | 6 |
| An tUasal M. Buckley (POF de bhrí oifige) | | 6 | 6 |
| **Baill Foirne** | | | |
| An tUasal K. Cox | Athcheaptha Aibreán 2015 | 6 | 6 |
| An tUasal K Early | Ceaptha Deireadh Fómhair 2015 | 2 | 2 |
| J Kenneally Uasal | Ceaptha Aibreán 2015 – Ar scor Lúnasa 2015 | 2 | 2 |
| Mr P. Oates | Retired April 2015 | 1 | 1 |

## COISTÍ AN BHOIRD

### *An Coiste Iniúchóireachta*

Tá an Coiste Iniúchóireachta ina chomhpháirt lárnach den rialachas agus de chuid na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais arna gcur chun feidhme ag an mBord. Cuimsíonn raon feidhme an Choiste an timpeallacht rialaithe inmheánaigh, bainistíocht riosca agus forálacha um nochtadh cosanta. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha atá ceadaithe ag an mBord agus thionóil sé ceithre chruinniú in 2015.

| Comhaltaí Boird | Cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| An tUasal K Ryan – Cathaoirleach | 4 | 4 |
| An tUasal E Forde | 4 | 4 |
| Dr A O'Boyle | 4 | 4 |
| B O'Leary Uasal | 1 | 1 |

### *An Coiste Rialachais*

Cuimsíonn raon feidhme an Choiste Rialachais struchtúir fhoriomlána rialachais chorparáidigh NSAI a shainiú agus a chur in iúl lena chinntiú go gcomhlíonann sé an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, agus forbraíonn sé treoirlínte rialachais chorparáidigh is infheidhme maidir le NSAI agus cuireann faoi bhráid an Bhoird iad lena gceadú. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha atá ceadaithe ag an mBord agus thionóil sé dhá chruinniú in 2015.

| Comhaltaí Boird | Cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| D O'Hara Uasal– Cathaoirleach | 2 | 2 |
| V Bowens Uasal | 2 | 2 |
| An tUasal K Cox | 2 | 2 |
| A Goggin Uasal | 2 | 2 |
| An tUasal P Oates | 1 | 1 |

### *An Coiste Ainmniúcháin*

Déanann an Coiste Ainmniúcháin athbhreithniú ar chomhdhéanamh an Bhoird agus tugann sé moltaí don Bhord maidir le ceapacháin agus riachtanais inniúlachta. Ina theannta sin, breithníonn sé pleanáil chomharbais do bhaill agus do phoist feidhmiúcháin shinsearacha eile a mbaineann tábhacht lárnach leo mar a chomhaontaítear leis an mBord. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha atá ceadaithe ag an mBord agus thionóil sé trí chruinniú in 2015.

| Comhaltaí Boird | Cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| J. O'Neill Uasal – Cathaoirleach | 3 | 3 |
| An tUasal M. Buckley (POF de bhrí oifige) | 3 | 3 |
| An tUasal T Landers | 3 | 3 |
| D Smith Uasal | 3 | 3 |

## DEARBHUITHE UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Bunaíodh NSAI faoi fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Ina cháil mar chomhlacht reachtúil, tá sé de chumhacht aige talamh agus maoin eile, lena n-áirítear maoin intleachtúil, a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, dul i mbun conarthaí, agra a dhéanamh agus a bheith inagartha faoina ainm féin.

Feidhmíonn an tÚdarás de réir fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996; an Achta Méadreolaíochta, 1996; an Achta um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980, na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1998 – 2009 agus faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ag a bhfuil an chumhacht chun cistí a chur ar fáil don Údarás lena chur ar a chumas a chuid dualgas a chomhlíonadh; treoracha beartais ghinearálta a eisiúint; agus faisnéis a lorg faoi ghníomhaíochtaí an Údaráis. Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin, ceanglaítear ar an Údarás freisin cloí le raon ceanglas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus ceanglas riaracháin eile. Go háirithe, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais shonracha seo a leanas:

### *Rialachán Uimh. 1025/2012 ón AE maidir le Caighdeánú Eorpach*

Ó 2012 i leith, tá NSAI ainmnithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta mar chomhlacht náisiúnta caighdeán i gcomhair CEN, CENELEC agus ETSI faoi Rialachán an AE maidir le Caighdeánú agus ceanglaítear air tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil le gníomhaíochtaí caighdeánaithe.

### *An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009 (an Cód)*

Ghlac an Bord an Cód agus chuir sé nósanna imeachta agus athbhreithnithe chun feidhme lena áirithiú go ndéanfar lán-chomhlíonadh ar a chuid forálacha. Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, i dtuarascáil ar leithligh a thugtar don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gach bliain, go bhfuil ceanglais aonair an Chóid á gcomhlíonadh.

### *An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus rialacháin atá bunaithe orthu*

De réir fhorálacha na nAchtanna, ní mór do gach comhalta agus do gach ball foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis iomlána leasa a chur faoi bhráid an Rúnaí i gcomhlíonadh fhorálacha na nAchtanna.

### *Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2011 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2012*

Tá NSAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre i bhfeidhm agus cuireadh in iúl é don fhoireann ar fad. Tá NSAI tiomanta do thimpeallacht chothromaithe oibre is saoil a fhorbairt agus a choinneáil ar bun don fhoireann ar fad.

### *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005*

Leanann NSAI ar aghaidh ag glacadh bearta iomchuí chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus na gcuairteoirí ina chuid oifigí a chosaint chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh.

### *Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1998*

Ní comhlacht ainmnithe é NSAI chun críche an Achta. De réir fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996, áfach, chuir an tÚdarás nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh ionadaíocht foirne ar an mBord.

### *An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014*

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta don NSAI in 2015.

### *An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014*

Is comhlacht forordaithe é NSAI faoi na hAchtanna seo. Bunaítear leis na hAchtanna na cearta reachtúla seo a leanas:

- Rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Go ndéanfar faisnéis oifigiúil atá i seilbh comhlacht poiblí maidir le duine aonair a leasú sa chás ina bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Rochtain a fháil ar thaifid ar chinntí a théann i bhfeidhm ort arna ndéanamh ag an gcomhlacht poiblí sin.

Ba cheart iarratais ar fhaisnéis a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, NSAI, 1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9.

### *Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003*

Tá NSAI cláraithe mar rialaitheoir sonraí agus comhlíonann sé forálacha na nAchtanna sin.

### *Treoirlínte maidir le Tograí Caiteachais Chaipitiúil a Mheasúnú agus a Bhainistiú 2005*

Tá nósanna imeachta bunaithe ag NSAI atá ag teacht leis na prionsabail atá leagtha amach sna treoirlínte sin.

### *An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997*

Rinneadh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chomhlíon NSAI forálacha an Achta sna poncanna ábhartha uile.

### *Íoc Pras Soláthraithe*

Tá NSAI tiomanta d'áirithiú go ndéantar gach sonrasc bailí ó sholáthraithe a íoc go pras faoin Riail um Íoc Pras laistigh de 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2011.

Tugann NSAI tuairisc ráithiúil faoin riail sin sa rannán 'About NSAI – Publications' ar an láithreán gréasáin.

### *Éifeachtúlacht Fuinnimh*

Tá NSAI tiomanta dá dhícheall a dhéanamh a bheith tíosach ar fhuinneamh. Le linn 2015, d'úsáid an tÚdarás an fuinneamh seo a leanas ar fud naoi gcinn de shaoráidí:

| |
|---|
| 1,139,577 kWh leictreachais |
| 1,132,033 KWh gáis nádúrtha |

Glacann an tÚdarás páirt i gcomhaontuithe creata le haghaidh an tsoláthair leictreachais agus gáis, arna soláthar ar bhonn lárnach ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair. Tá rátáil fuinnimh B2 ag foirgneamh Cheanncheathrú NSAI.

### *An Chairt Chustaiméirí*

Leagtar amach i gCairt Chustaiméirí NSAI an rún daingean atá againn seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí. Tá an Chairt ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla sa rannán 'About NSAI – Organisation – Customer Service' ar an láithreán gréasáin. Áirítear sa Chairt faisnéis maidir le comhlíonadh an Achta Ombudsman, 1980, agus an Achta um Ombudsman do Leanaí, 2002.

### *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003*

De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

### *An Rialachán um Athúsáid Faisnéise na hEarnála Poiblí (I.R. 279 de 2005)*

Comhlíonann NSAI ceanglais an rialacháin maidir le ceadúnú faisnéise lena hathúsáid.

# RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE 2015


**35** Ráiteas ar na Freagrachtaí atá ar Chomhaltaí an Bhoird

**36** Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

**37** Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**39** Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta

**40** Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

**41** Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach

**42** Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais

**43** Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid

**44** Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

# Ráiteas ar na Freagrachtaí atá ar Chomhaltaí an Bhoird

Ceanglaítear in alt 8(2) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996 go gcoimeádfaidh an tÚdarás, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Airgeadais, gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé agus, go háirithe, go gcoimeádfaidh sé san fhoirm sin a dúradh na cuntais speisialta sin go léir a ordóidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ó am go ham. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an Údarás na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil, ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an ghrúpa lena n-áirítear a fhochuideachta NSAI Inc. ar lánúinéireacht, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le hAlt 8 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:

**Julie O'Neill**
*Cathaoirleach*

16 Meán Fómhair 2016

**Maurice Buckley**
*Príomhfheidhmeannach*

16 Meán Fómhair 2016

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord NSAI, admhaím an fhreagracht atá orainn as a áirithiú go ndéanann an tÚdarás, lena n-áirítear a fhochuideachta NSAI Inc. ar lánúinéireacht, córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead go cuí agus go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Is iad seo a leanas na bearta atá déanta ag an mBord lena áirithiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- Cultúr freagrachta a chothú ar fud gach leibhéil den eagraíocht.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí na nithe seo a leanas:

- Próiseas foirmiúil um bainistíocht riosca a fheidhmiú. Faoin bpróiseas sin, déantar breithniú ar na príomhrioscaí atá le sárú ag an Údarás maidir lena fheidhm a chomhlíonadh agus a chuid cuspóirí foriomlána a bhaint amach.
- Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a aithint agus a mheasúnú agus as rialuithe inmheánacha cuí a cheapadh agus a chur chun feidhme.
- Tuairiscíonn an lucht bainistíochta don Bhord maidir le hathruithe suntasacha in oibríochtaí an Údaráis agus maidir leis na rioscaí a ghabhann leo.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis an gcóras sin go háirithe:

- Teorainneacha údaraithe atá sainithe go soiléir, leithscaradh na ndualgas agus na rialuithe atá ar fáil óna chórais airgeadais. Déanann an Coiste Iniúchóireachta maoirseacht ar an gcóras sin agus fostaíonn sé gníomhaireachtaí seachtracha cuí chun an córas sin a scrúdú agus a thástáil.
- Feidhmiú córais rialaithe buiséid, a gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis le linn na bliana. Tuairiscítear torthaí airgeadais don Bhord agus déantar fiosrú faoi na difríochtaí idir na torthaí airgeadais agus an buiséad.
- Tá céad ón mBord ag teastáil le haghaidh na bpríomhúdarás íocaíochta ar fad agus le haghaidh na bpríomhshainordaithe baincéireachta ar fad.
- Ceadaíonn an Coiste Iniúchóireachta, ar fochoiste de chuid an Bhoird é, pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus déileálann sé le saincheisteanna rialaithe suntasacha a ardaíonn na hiniúchóirí inmheánacha nó na hiniúchóirí seachtracha. Áirithíonn an Coiste sin go ndírítear obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí ar na réimsí is mó riosca nó nochtadh.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí atá seachfhoinsithe ag NSAI, a feidhmítear de réir Chreat-Chód an Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúchóireachta. Tugtar treoir d'obair na hiniúchóireachta inmheánaí trí anailís ar an riosca dá bhfuil an comhlacht nochta, agus bíonn na pleananna bliantúla maidir le hiniúchóireacht inmheánach bunaithe ar an anailís sin. Formhuiníonn an Coiste Iniúchóireachta an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchóireachta inmheánaí. Tagann an Coiste Iniúchóireachta le chéile ar bhonn rialta le linn na bliana chun leorgacht agus éifeachtacht leanúnach an chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais a athbhreithniú agus a dhearbhú.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais treoir ó obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ón gCoiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an Iniúchóra Inmheánaigh agus ó na bainisteoirí feidhmiúcháin in NSAI atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil sa ghrúpa, lena n-áirítear a fhochuideachta NSAI Inc. ar lánúinéireacht.

Dearbhaím, maidir leis an mbliain go dtí an 31 Nollaig 2015, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Thar ceann an Bhoird:



**Julie O'Neill**
*Cathaoirleach*

16 Meán Fómhair 2016

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe, an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas comhdhlúite ar staid an airgeadais, an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi alt 8 den chéad sceideal a ghabhann leis an Acht, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis.

## NA FREAGRACHTAÍ ATÁ AR CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíorcheart iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

## FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Is é an fhreagracht atá ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## RAON FEIDHME AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé acu is cuí iad na beartais chuntasaíochta maidir le cúinsí an Údaráis nó nach ea, agus arb amhlaidh nó nach ea gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go cuí iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun faisnéis ar bith a shainaithint ar cosúil go bhfuil sí mícheart go hábhartha ar bhonn an eolais a fuair mé le linn dom a bheith i mbun an iniúchta seo, nó nach dtagann go hábhartha leis an eolas sin. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## CISTIÚ IARCHURTHA UM SHOCHAR SCOIR

Gan mo thuairim a cháiliú, dírím aird ar nóta 13 (c) a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Aithníonn an tÚdarás sócmhainn i leith cistiú iarchurtha um shochar scoir – luach reatha an chistithe a mheasann sé a chuirfidh an Stát ar fáil amach anseo chun freastal ar dhliteanais i ndáil le sochar scoir de réir mar a bheidh siad dlite. Gné dhílis den chur chuige cuntasaíochta sin is ea an toimhde go gcuirfear aon ioncam a ghinfidh an tÚdarás i bhfeidhm ar an gcéad ásc chun costais reatha a chomhlíonadh agus go bhfreastalóidh cistiú Stáit ar aon easnamh reatha nó ar aon easnamh amach anseo in acmhainní, lena n-áirítear dliteanais i ndáil le sochair scoir amach anseo.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

*(ar lean)*

## TUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é mo thuairim, maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2015; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta, cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## ÁBHAIR AR A DTUAIRISCÍM AR BHONN EISCEACHTA

Tuairiscím ar bhonn eisceachta mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó

- má thug mé cás ábhartha ar bith faoi deara inar úsáideadh airgead do chuspóir eile seachas don cheann a bhí beartaithe dó, nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis ag teacht leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi ná leis an eolas a fuair mise agus mé i mbun an iniúchta, nó
- nach léirítear sa Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- más rud é gurb ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear ar bhonn eisceachta.

**Patricia Sheehan**

*Thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

21 Meán Fómhair 2016

# Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta

## BORD NSAI

Is iad seo a leanas Comhaltaí Boird NSAI, atá ceaptha ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta:

### *Comhaltaí Boird*

- Ms. J. O'Neill – *Cathaoirleach*
- Mr. M. Buckley – *Príomhfheidhmeannach*
- Ms. V. Bowens
- Mr. K. Cox – *Athcheaptha an 14 Aibreán, 2015*
- Mr. K. Early – *Ceaptha an 1 Deireadh Fómhair, 2015*
- Mr. E. Forde
- Ms. A. Goggin
- Ms. J. Kenneally – *Ceaptha an 14 Aibreán, 2015. D'imigh ar scor an 6 Lúnasa, 2015*
- Mr. T. Landers
- Mr. P. Oates – *D'imigh ar scor an 14 Aibreán, 2015*
- Dr. A. O'Boyle
- Ms. D. O'Hara
- Ms. B. O'Leary – *D'imigh ar scor an 14 Aibreán, 2015*
- Mr K. Ryan
- Ms D. Smith
- Mr. P. Bracken – *Rúnaí an Bhoird*

## FAISNÉIS GHINEARÁLTA

### *An Cheannoifig*

1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9.

### *Iniúchóirí*

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

### *Baincéirí*

Bainc-Aontas Éireann

### *Aturnaetha*

McCann Fitzgerald

# Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

| | Nótaí | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | 2 | **22,877,712** | 19,181,512 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais riaracháin agus costais ghinearálta | 3 | **23,217,555** | 21,129,496 |
| Costais i ndáil le sochar scoir | 13(a) | **4,577,305** | 2,800,319 |
| | | **27,794,860** | 23,929,815 |
| **Easnamh roimh an deontas Oireachtais** | | **(4,917,148)** | (4,748,303) |
| Deontas Oireachtais | 4 | **5,527,211** | 4,803,999 |
| **Barrachas oibriúcháin don bhliain** | | **610,063** | 55,696 |
| Lagú maoine, gléasra agus trealaimh | 7 | **(687,455)** | – |
| Aistriú ón gcuntas caipitiúil | 5 | **506,217** | 156,049 |
| Coigeartú aistrithe | | **222,509** | 279,322 |
| **Barrachas don bhliain roimh an ranníocaíocht ón Státchiste** | | **651,334** | 491,067 |
| Ranníocaíocht leis an Státchiste | 6 | **–** | (1,000,000) |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis leithreasaí** | | **651,334** | (508,933) |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | **4,136,897** | 4,645,830 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | **4,788,231** | 4,136,897 |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nótaí 1 go dtí 20.

Thar ceann an Bhoird:

**Julie O'Neill**
*Cathaoirleach*

16 Meán Fómhair 2016

**Maurice Buckley**
*Príomhfheidhmeannach*

16 Meán Fómhair 2016

# Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

| | *Nótaí* | **2015** **€** | **2014** **€** |
|---|---|---|---|
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis leithreasaí** | | **651,334** | (508,933) |
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | *13(d)* | **2,424,000** | (16,393,000) |
| Athruithe ar na toimhdí is bonn le luach reatha na ndliteanas scéime sochair scoir | *13* | **(18,915,000)** | – |
| **Caillteanas achtúireach iomlán sa bhliain** | | **(16,491,000)** | (16,393,000) |
| Coigeartú ar an gcistiú iarchurtha um shochar scoir | *13* | **16,491,000** | 16,393,000 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **651,334** | (508,933) |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nótaí 1 go dtí 20.

Thar ceann an Bhoird:

**Julie O'Neill**
*Cathaoirleach*

16 Meán Fómhair 2016

**Maurice Buckley**
*Príomhfheidhmeannach*

16 Meán Fómhair 2016

# Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2015

| | Nótaí | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | *7* | **3,816,575** | 4,318,454 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Méideanna infhála | *9* | **4,915,813** | 3,820,396 |
| Airgead tirim agus cóibhéisí airgid | | **1,159,372** | 2,365,709 |
| | | **6,075,185** | 6,186,105 |
| **Dliteanais reatha (a bheidh dlite < 1 bhliain amháin)** | | | |
| Méideanna iníoctha | *10* | **1,286,954** | 2,049,208 |
| **Glansócmhainní reatha** | | **4,788,231** | 4,136,897 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha roimh Phinsin** | | **8,604,806** | 8,455,351 |
| **Sochair scoir** | | | |
| Sócmhainn an chistithe iarchurtha um shochar scoir | *13(c)* | **73,600,000** | 52,800,000 |
| Oibleagáid um shochar scoir | *13(b)* | **(73,600,000)** | (52,800,000) |
| | | **–** | – |
| **Glansócmhainní** | | **8,604,806** | 8,455,351 |
| **Lena léirítear** | | | |
| Cuntas caipitil | *5* | **3,816,575** | 4,318,454 |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe | | **4,788,231** | 4,136,897 |
| | | **8,604,806** | 8,455,351 |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nótaí 1 go dtí 20.

Thar ceann an Bhoird:



**Julie O'Neill**
*Cathaoirleach*

16 Meán Fómhair 2016



**Maurice Buckley**
*Príomhfheidhmeannach*

16 Meán Fómhair 2016

# Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

| | Nótaí | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin don bhliain | | **610,063** | 55,696 |
| Ús bainc | | **(517)** | 3,366 |
| Muirear dímheasa | *7* | **677,940** | 611,663 |
| Brabús ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | | **(18,546)** | (763) |
| Méadú ar mhéideanna infhála | | **(1,095,417)** | (57,236) |
| Laghdú ar mhéideanna iníoctha | | **(762,254)** | (139,967) |
| Coigeartú um aistriú airgeadra | | **222,509** | 279,322 |
| **Glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **(366,222)** | 752,081 |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach | *7* | **(869,418)** | (455,614) |
| Fáltais ó dhíol maoine, gléasra agus trealaimh | | **28,786** | 763 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(840,632)** | (454,851) |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús bainc | | **517** | (3,366) |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **517** | (3,366) |
| | | | |
| **(Laghdú)/méadú glan ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | **(1,206,337)** | 293,864 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir** | | **2,365,709** | 2,071,845 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | | **1,159,372** | 2,365,709 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

### *Faisnéis ghinearálta*

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar an 14 Aibreán, 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Tá feidhmeanna reachtúla NSAI sainithe sna hAchtanna seo a leanas:

- An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996;
- An tAcht Méadreolaíochta, 1996;
- An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980.

Soláthraíonn NSAI an bonneagar sin trí na cláir lárnacha méadreolaíochta, caighdeánaithe agus méadreolaíochta dlí maidir le tomhais agus uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil agus sa mheasúnú comhréireachta.

Is Aonán Chun Tairbhe an Phobail é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in euro (€), arb é airgeadra feidhmeach an Údaráis é freisin.

### *Ráiteas maidir le comhlíonadh*

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgid a bhfuil feidhm aige sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Is iad seo na chéad ráitis airgeadais de chuid NSAI a ullmhaíodh i gcomhréir le FRS 102. Is é an 1 Eanáir 2014 an dáta aistrithe go dtí FRS 102. Ní dhearna an t-aistriú chuig FRS 102 difear dá staid airgeadais thuairiscithe ná dá fheidhmíocht airgeadais.

### *Bunús an ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach i leith nithe a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais chomhdhlúite NSAI.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ráitis airgeadais an Údaráis agus a fhochuideachta ar lánúinéireacht NSAI Inc. Bunaíodh NSAI Inc. in New Hampshire, i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar an 1 Iúil, 1997 mar chorparáid neamhbhrabúis. Féach Nóta 14 le haghaidh tuilleadh sonraí. Níl beartais chuntasaíochta na fochuideachta éagsúil leo siúd de chuid an Údaráis.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

### *Ioncam*

Tugtar cuntas i leith an ioncaim ar fad, seachas an Deontas Oireachtais, sa tréimhse ina dtuilltear é. Déileáiltear le táillí arna n-íoc roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an gCuntas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe tráth sholáthar na seirbhíse.

### *Deontas Oireachtais*

Aithnítear deontais Oireachtais ar an tsamhail feidhmíochta. I gcás deontais nach bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe sa todhchaí ar an bhfaighteoir faoi, aithnítear mar ioncam é an tráth a fhaightear luach an deontais. I gcás deontais a bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe sa todhchaí ar an bhfaighteoir faoi, ní aithnítear mar ioncam é go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha feidhmíochta sin.

### *Aistriú airgeadraí eachtracha*

**(a) Idirbhearta in airgeadra eachtrach**
Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta Tuairiscithe. Aistrítear ioncam agus speansais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta na mbun-idirbheart. Déileáiltear sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe le brabús agus le caillteanais a eascraíonn ó aistrithe airgeadra eachtraigh tráth ghlanadh na méideanna infhaighte agus na méideanna iníoctha in airgeadra eachtrach.

**(b) Oibríochtaí eachtracha**
Nuair atá torthaí na hoibríochta eachtraí á n-aistriú lena gcuimsiú sna ráitis airgeadais, aistrítear sócmhainní agus dliteanais de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta Tuairiscithe. Is sna cúlchistí a aithnítear an difríocht aistrithe a eascraíonn ó athshonrú na n-oibríochtaí eachtracha in euro, arb é an ráta feidhmiúil, de bharr athruithe ar na rátaí malairte (sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe faoin gceannteideal 'coigeartú aistrithe' i leith earraí airgeadaíochta agus sa Chuntas Caipitil i leith difríochtaí ath-aistrithe i ndáil le sócmhainní seasta.) Aistrítear ioncam agus costais de réir meánrátaí malairte ar bhonn tréimhsí míosúla. Is i gcúlchistí na hoibríochta freisin a aithnítear aon difríocht a eascraíonn ón aistriú i gcomparáid leis an ráta atá sa Ráiteas Comhdhlúite ar Staid An Airgeadais.

### *Maoin, gléasra agus trealamh*

Tá maoin, gléasra agus trealamh ar le NSAI iad luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha, agus an luach coigeartaithe i leith soláthar ar bith i ndáil le lagú. Déantar an dímheas a ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar an gcostas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn an mhéid chothroim, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| i. | Trealamh, Daingneáin agus Feisteas | 5 bliana |
| ii. | Ríomhairí | 3 bliana |
| iii. | Talamh agus Foirgnimh | 50 bliain |
| iv. | Mótarfheithiclí | 5 bliana |

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d'aois agus sa riocht cheana féin a bheifí ag súil leis ag deireadh a saoil úsáidigh.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú luach sócmhainne, aithnítear caillteanas i ndáil le lagú sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i leith na bliana.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

### *Cuntas caipitil*

Léiríonn an cuntas caipitil ioncam deontais a úsáidtear chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil agus déantar é a dhíscríobh i gcomhréir leis na beartais dímheasa agus athluachála i leith na sócmhainní gaolmhara.

### *Méideanna infhála*

Aithnítear méideanna infhála ar a luach cóir, lúide soláthar i gcoinne fiacha amhrasacha. Déantar an soláthar i gcoinne fiacha amhrasacha i ndáil le féichiúnaithe amhrasacha sonraithe agus déantar soláthar breise i gcoinne fiacha trádála eile, nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh NSAI ná NSAI Inc. in ann gach méid atá dlite dóibh a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i gcoinne fiacha amhrasacha sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

### *Léasanna oibriúcháin*

Aithnítear caiteachas miondíola faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaol an léasa. Aithnítear an caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair a bhíonn arduithe cíosa i gceist atá nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na harduithe sin tráth a dtabhaithe. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaol an léasa.

### *Sochair fostaithe*

**(a) Sochair ghearrthéarmacha**
Aithnítear Sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus áirítear sochair arna bhfabhrú ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Méideanna Iníoctha sa Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais.

**(b) Sochair Scoir**
Aithnítear idirbhearta gluaiseachtaí agus iarmhéideanna pinsin sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe, sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach agus sa Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais i gcomhréir le ceanglais Alt 28 de FRS 102: Sochair Fostaithe.

### *Scéim NSAI*

Feidhmíonn NSAI scéim pinsin le sochar sainithe, arna cistiú go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ón airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar fáil dó agus ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail foirne.

Léiríonn costais sochair scoir na sochair phinsin a thuill fostaithe, agus cuirtear i láthair iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a gcoinníonn NSAI iad. Is mar ioncam a aithnítear suim arb ionann í agus an muirear scoir sa mhéid agus go bhfuil sí inghnóthaithe, agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar na toimhdí achtúireacha agus ar bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léiríonn na dliteanais sochair scoir luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn cistiú iarchurtha um shochar scoir an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

### *Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí*

Ina theannta sin, feidhmíonn NSAI Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair"), ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

### *Breithiúnais agus meastacháin shuntasacha i leith na cuntasaíochta*

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i leith sócmhainní agus dliteanas amhail deireadh na bliana agus ar na méideanna arna dtuairisciú i leith ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasaí acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

**(a) Lagú maoine, gléasra agus trealaimh**
Déantar sócmhainní atá faoi réir dímheasa a athbhreithniú i ndáil le lagú nuair a léiríonn tarlúintí nó athruithe ar chúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an suim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas i ndáil le lagú mar an difríocht idir méid inghnóthaithe na sócmhainne agus a suim ghlanluacha. Is ionann méid inghnóthaithe na sócmhainne agus a luach cóir lúide an costas díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is mó. Chun measúnú a dhéanamh ar an lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil de réir na leibhéal is ísle dá bhfuil sreafaí airgid is féidir a aithint ar leithligh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais atá lagaithe le haghaidh aisiompú féideartha ar an lagú ar gach dáta tuairiscithe.

**(b) Oibleagáid um shochar scoir**
Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí is bonn leis na meastacháin achtúireacha dá gcinntear na méideanna arna n-aithint sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treochtaí um chostas cúraim sláinte) ar bhonn na ndálaí geilleagracha atá i réim faoi láthair, agus i leith athrú ábhartha ar bith ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus na bpleananna iarscoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar na toimhdí:

i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta

ii. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo

iii. treochtaí um chostas cúraim sláinte, ráta an bhoilscithe i dtaobh costas leighis sna réigiúin ábhartha.

## 2. IONCAM

| | *Nótaí* | **2015**<br>**€** | **2014**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Táillí deimhniúcháin | | **17,551,014** | 15,388,574 |
| Díol caighdeán | | **854,279** | 832,674 |
| Ioncam eile | | **162,902** | 156,630 |
| Ús bainc | | **517** | (3,366) |
| | | **18,568,712** | 16,374,512 |
| Glanchistiú iarchurtha um shochar scoir | *13(c)* | **4,309,000** | 2,807,000 |
| | | **22,877,712** | 19,181,512 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 3. COSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA

| | Notes | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|---|
| Pá | *3(a)* | **10,784,305** | 10,669,918 |
| Luach saothair agus speansais na gcomhaltaí boird | *15* | **60,097** | 61,867 |
| Speansais taistil | | **1,279,032** | 1,237,374 |
| Fochonraitheoirí | *3(b)* | **5,184,843** | 3,765,360 |
| Soláthar Seirbhíse Seachtrach agus Seirbhísí Gairmiúla | | **570,258** | 459,939 |
| Cíosanna, rátaí, obair dheisithe agus chothabhála | | **1,861,081** | 1,809,933 |
| Costais oibriúcháin eile | *3(c)* | **2,095,412** | 1,891,712 |
| Brabús ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | | **(18,546)** | (763) |
| Síntiúis d'eagraíochtaí | | **723,133** | 622,493 |
| Dímheas | *7* | **677,940** | 611,663 |
| | | **23,217,555** | 21,129,496 |

Rinneadh míreanna caiteachais a áirítear faoi Sheirbhísí ar Fochonradh agus Seirbhísí Gairmiúla in 2014 a athaicmiú mar Fhochonraitheoirí agus Soláthar Seirbhíse Seachtrach agus Seirbhísí Gairmiúla.

| **(a)** *Pá:* | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | **10,087,096** | 9,983,849 |
| Costais leasa shóisialta | **696,956** | 667,448 |
| Costais aoisliúntais | **253** | 18,621 |
| | **10,784,305** | 10,669,918 |

Bhí 137 duine fostaithe (coibhéis lánaimseartha) amhail an 31 Nollaig 2015. (2014: 140).

**(b) Fochonraitheoirí:** baineann costais fochonraitheoirí le húsáid saineolaithe speisialaithe a bhíonn ag gabháil do sholáthar gníomhaíochtaí a ghineann ioncam do NSAI.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 3. COSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA (AR LEAN)

| **(c) Costais Oibriúcháin Eile:** | **2015**<br>**€** | **2014**<br>**€** |
|---|---|---|
| Fógraíocht, Margaíocht agus Caidreamh Poiblí | **511,935** | 496,605 |
| Costais TFC | **441,571** | 308,083 |
| Cumarsáid, Clóbhuaileadh & Foilseacháin | **423,004** | 378,165 |
| Costais Airgeadais | **177,660** | 159,422 |
| Árachas | **160,964** | 138,324 |
| Forbairt Foirne | **180,090** | 194,355 |
| Táille Iniúchóireachta – An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | **22,000** | 24,000 |
| Táille Iniúchóireachta – Táillí Iniúchóireachta Inmheánaí | **30,321** | 16,214 |
| Costais Oibriúcháin Eile | **147,867** | 176,544 |
| | **2,095,412** | 1,891,712 |

Áirítear leis na Costais Oibriúcháin Eile suim €7,281 a bhaineann le rannpháirtíocht le fostaithe/leas foirne (2014: €7,683). Áirítear leis na costais sin ranníocaíocht ar mhaithe le hócáidí a reáchtáil club shóisialta na foirne agus le cleachtaí maidir le neartú na foirniúlachta.

**(d) Miondealú ar na sochair foirne:**

| **Réimse na sochar iomlán d'fhostaithe** | **Líon na bhfostaithe 2015** | **Líon na bhfostaithe 2014** |
|---|---|---|
| €60,000 – €69,999 | **27** | 30 |
| €70,000 – €79,999 | **16** | 21 |
| €80,000 – €89,999 | **32** | 25 |
| €90,000 – €99,999 | **4** | 6 |
| €100,000 – €109,999 | **3** | 2 |
| €110,000 – €119,999 | **1** | |
| €120,000 – €129,999 | | |
| €130,000 – €139,999 | | |
| €140,000 – €149,999 | | |
| €150,000 – €159,999 | **1** | |
| €160,000 – €169,999 | | 1 |

Ní áirítear sna figiúirí sonraí i dtaobh NSAI Inc. toisc gurb é NSAI Inc. a fhostaíonn na daoine sin, seachas NSAI.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 4. DEONTAS OIREACHTAIS

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | **5,527,211** | 4,803,999 |

Is í an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a eisíonn an Deontas Oireachtais agus áirítear leis an deontas sin suim €500,000 (2014: €500,000) i leith ceannacháin chaipitil i rith na bliana. Is ó Vóta 32, Fo-mhírcheann A.11 a thagann an cistiú.

## 5. CUNTAS CAIPITIL

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir | **4,318,454** | 4,470,152 |
| Gluaiseachtaí i leith maoine, gléasra agus trealaimh | **(506,217)** | (156,049) |
| Aistriú chuig Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | **(506,217)** | (156,049) |
| Coigeartú um aistriú airgeadra | **4,338** | 4,351 |
| Amhail an 31 Nollaig | **3,816,575** | 4,318,454 |

## 6. RANNÍOCAÍOCHT LEIS AN STÁTCHISTE

Aisíoc i leith charnadh na bliana roimhe de bharrachas na gCúlchistí oibriúcháin €nialas (2014: €1m).

In 2014, rinne NSAI aisíocaíocht leis an Státchiste maidir lena fheidhmíocht oibriúcháin a d'eascair as carnadh barrachais, cúlchistí oibriúcháin agus iarmhéid airgid thar roinnt blianta.

Déanann NSAI athbhreithniú leanúnach ar a bharrachas ioncaim agus a staid leachtachta. Déantar é sin a phlé chomh maith leis an Roinn mar chuid den phróiseas meastachán.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 7. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Trealamh, Daingneáin agus feisteas<br>€ | Trealamh ríomh-aireachta<br>€ | Talamh agus foirgnimh<br>€ | Mótar fheithiclí<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas:** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | 4,783,460 | 3,459,105 | 4,267,130 | 354,848 | **12,864,543** |
| Breiseanna | 235,138 | 497,387 | 103,223 | 33,670 | **869,418** |
| Diúscairtí | (193,016) | (140,191) | – | (31,560) | **(364,767)** |
| Coigeartú aistrithe | 7,270 | 25,832 | (58) | – | **33,044** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2015** | **4,832,852** | **3,842,133** | **4,370,295** | **356,958** | **13,402,238** |
| **Dímheas:** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | 4,363,601 | 2,928,713 | 1,026,064 | 227,711 | **8,546,089** |
| Lagú | – | – | 687,455 | – | **687,455** |
| Muirear don bhliain | 174,826 | 354,321 | 92,129 | 56,664 | **677,940** |
| Diúscairtí | (190,413) | (139,392) | – | (24,722) | **(354,527)** |
| Coigeartú aistrithe | 6,609 | 22,097 | – | – | **28,706** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2015** | **4,354,623** | **3,165,739** | **1,805,648** | **259,653** | **9,585,663** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | 419,859 | 530,392 | 3,241,066 | 127,137 | **4,318,454** |
| Glanghluaiseacht don bhliain | 57,709 | 142,267 | (676,361) | (29,832) | **(506,217)** |
| Coigeartú aistrithe | 661 | 3,735 | (58) | – | **4,338** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2015** | **478,229** | **676,394** | **2,564,647** | **97,305** | **3,816,575** |

Rinneadh luacháil ar thalamh agus foirgnimh NSAI a raibh lagú €687,455 ina thoradh uirthi, a d'eascair thar 6 cinn de na 7 nIonad Réigiúnacha dá chuid um an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí. Ba é €1,802,455 luach anonn na bhfoirgneamh sin amhail an 31 Nollaig 2015 roimh an muirear lagaithe. Measadh gurbh é €1,115,000 an luach ar an margadh.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 8. MAOIN

Tá NSAI in áitribh i roinnt áiteanna éagsúla. Tá ár gceannoifig lonnaithe ag 1 Cearnóg Swift, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9. Tá an t-áitreabh sin á ghlacadh ar léas, léas a ndeachthas ina bhun i mí Eanáir 2008 ar feadh tréimhse 20 bliain. Tá sé beartaithe an chéad athbhreithniú cíosa 5 bliana eile a dhéanamh i ní Eanáir 2018, ag clúdach na tréimhse dar tús an 1 Eanáir 2018.

Tá Oifigí Réigiúnacha ag NSAI i Luimneach agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá an oifig i Luimneach ar Bhóthar Pháirc Plassey, An Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh agus is le NSAI an t-áitreabh sin. Tá an oifig réigiúnach i Stáit Aontaithe Mheiriceá lonnaithe ag 20 Trafalgar Square, Nashua, NH 03063, SAM, agus tá an t-áitreabh sin á ghlacadh ar léas. Chuathas i mbun an léasa i mí Mheán Fómhair 2015 agus rachaidh sé in éag i gceann 5 bliana.

Tá Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI lonnaithe i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath 9, agus tá an t-áitreabh sin faoi úinéireacht ag NSAI. Tá roinnt Ionad Réigiúnacha um Sheirbhís Méadreolaíochta Dlí ag NSAI. Tá na hionaid sin i gCorcaigh, i Luimneach, i mBaile Átha Cliath, i Sligeach, i nDún Dealgan, i bPort Láirge agus i nGaillimh. Tá gach ceann de na háitribh sin faoi úinéireacht ag NSAI.

## 9. MÉIDEANNA INFHÁLA

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Méideanna trádála infhála | **3,491,886** | 2,835,683 |
| Ioncam fabhraithe | **684,400** | 398,803 |
| Réamhíocaíochtaí | **739,527** | 585,910 |
| | **4,915,813** | 3,820,396 |

Tá gach méid infhála dlite laistigh d’aon bhliain amháin. Tá gach méid trádála infhála dlite laistigh de ghnáth-théarmaí an Údaráis. Léirítear na méideanna trádála infhála glan ar lagú i ndáil le fiacha amhrasacha. Is mar seo a leanas atá an ghluaiseacht sa lagú i ndáil le fiacha amhrasacha:

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **455,171** | 603,882 |
| Úsáidte i rith na bliana | **(30,731)** | (169,378) |
| Coigeartú ar an soláthar breise | **38,686** | 20,667 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **463,126** | 455,171 |

## 10. MÉIDEANNA INÍOCTHA (A BHEIDH DLITE < 1 BHLIAIN AMHÁIN)

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Méideanna trádála iníoctha | **108,188** | 111,409 |
| Méideanna iníoctha eile agus fabhruithe | **827,351** | 567,227 |
| Ioncam iarchurtha | **330,026** | 347,119 |
| Cáin, árachas sóisialta agus CBL | **21,389** | 23,453 |
| Ranníocaíocht leis an Státchiste | **–** | 1,000,000 |
| | **1,286,954** | 2,049,208 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 11. CEANGALTAIS I DTAOBH LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

B'ionann na híocaíochtaí a rinneadh faoi Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh arna muirearú sna ráitis airgeadais agus €924,399 (2014: €933,005). Is iad seo a leanas iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta sa todhchaí faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú:

| Athluaite | **2015 €** | **2014 Restated €** |
|---|---|---|
| Laistigh d'aon bhliain amháin | **952,285** | 921,391 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **1,852,160** | 2,512,504 |
| Tar éis cúig bliana | **–** | – |
| | **2,804,445** | 3,433,895 |

## 12. CÁIN

Tá an tÚdarás díolmhaithe ó cháin ar a ioncam.

## 13. COSTAIS I NDÁIL LE SOCHAIR SCOIR

**(a) Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a cuireadh de mhuirear ar an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe**

| | **2015 €** | **2014 €** |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | **2,000,000** | 1,400,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | **3,000,000** | 1,800,000 |
| Ranníocaíochtaí na bhfostaithe | **(422,695)** | (399,681) |
| | **4,577,305** | 2,800,319 |

**(b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir i rith na bliana airgeadais**

| | **2015 €** | **2014 €** |
|---|---|---|
| Glanoibleagáid sochair scoir amhail an 1 Eanáir | **52,800,000** | 33,600,000 |
| Costais seirbhíse reatha | **2,000,000** | 1,400,000 |
| Costais úis | **3,000,000** | 1,800,000 |
| Caillteanas achtúireach | **16,491,000** | 16,393,000 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | **(691,000)** | (393,000) |
| **Glanoibleagáid sochair scoir amhail an 31 Nollaig** | **73,600,000** | 52,800,000 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 13. COSTAIS I NDÁIL LE SOCHAIR SCOIR (AR LEAN)

**(c) Cistiú iarchurtha i leith sochair scoir**

Aithníonn NSAI na suimeanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh pinsean bunaithe ar shraith toimhdí agus ar roinnt teagmhas roimhe seo. I measc na dteagmhas sin, tá an bonn reachtúil do bhunú na scéime aoisliúntais agus don bheartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin san earnáil phoiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus próiseas na meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag NSAI nach leanfar ar aghaidh, faoin mbeartas dá dtagraítear thuas, ag freastal ar shuimeanna den sórt sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Seo a leanas an glanchistiú iarchurtha i leith sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe:

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| Cistiú atá inghnóthaithe maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | **5,000,000** | 3,200,000 |
| Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm le sochair scoir a íoc | **(691,000)** | (393,000) |
| | **4,309,000** | 2,807,000 |

Amhail an 31 Nollaig 2015, b'fhiú €73.6m (2014: €52.8m) an tsócmhainn um chistiú iarchurtha i leith sochair scoir.

**(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe**

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair shainithe | **73,600,000** | 52,800,000 |
| (Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime le sochar sainithe | **(2,424,000)** | 16,393,000 |
| Céatadán de dhliteanais na scéime | **(3%)** | 31% |

Amhail an 15 Iúil 2014 bhí 39 ball foirne de chuid Fhorfás ag obair in NSAI. Faoi Alt 3 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, is é Forfás a bhí freagrach as teidlíochtaí pinsin fostaithe na mball foirne sin. Le feidhm ón 16 Iúil 2014, faoi chuid 5 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh) 2014, tháinig na baill foirne sin chun bheith ina mbaill d'fhoireann NSAI agus, dá réir sin, tá an fhreagracht as teidlíochtaí pinsin uile na mball foirne atá ag fónamh aistrithe ó Fhorfás go NSAI.

Ní raibh an dliteanas i leith na foirne aistrithe ríofa ag dáta an aistrithe. Tá sé san áireamh, áfach, sa luacháil deireadh bliana agus aithnítear é sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach mar chuid den fhigiúr caillteanais taithí €16.39m.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 13. COSTAIS I NDÁIL LE SOCHAIR SCOIR (AR LEAN)

**(e) Cur síos ginearálta ar an scéim**
Is éard atá sa scéim sochair scoir ná socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar thuarastal deiridh agus ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin shamhailscéim reatha na hearnála poiblí. Faoin scéim, soláthraítear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é an lá ar a slánóidh an ball 65 bliana d'aois an ghnáthaois scoir, agus tá daoine ar bhaill iad ó roimh an mbliain 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ón uair a shlánóidh siad 60 bliain d'aois. Téann pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta na dtuarastal san earnáil phoiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS102 ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire neamhspleách cáilithe ar an 28 Aibreán 2016, agus aird ar cheanglais FRS d'fhonn dliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2015 a mheasúnú.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

| | **2015** | 2014 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe na dtuarastal | **2.5%** | 4.0% |
| Ráta méadaithe na sochar scoir atá á n-íoc | **2.5%** | 4.0% |
| Ráta lascaine | **2.35%** | 5.5% |
| Ráta boilscithe | **1.75%** | 2.0% |

**(f) Mortlaíocht**
An meánionchas saoil amach anseo de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh chun na dliteanais phinsin a chinneadh

| | **2015** | 2014 |
|---|---|---|
| Fear in aois 65 | **22** | 22 |
| Bean in aois 65 | **25** | 25 |

## 14. NSAI INC

Bunaíodh NSAI Inc. in New Hampshire, SAM, ar an 1 Iúil 1997 mar chorparáid neamhbhrabúis faoi lánúinéireacht ag NSAI chun faisnéis a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin na hÉireann agus an AE, idir chinn atá ann faoi láthair agus chinn atá beartaithe, chun léirmheasanna teicniúla a sholáthar agus chun measúnacht a dhéanamh ar tháirgí, ar phróisis agus ar chleachtais agus chun dul i mbun deimhniúcháin i leith chomhlíonadh chaighdeáin an AE, chaighdeáin na hÉireann agus caighdeán idirnáisiúnta. Tá iarmhéideanna agus idirbhearta NSAI Inc. curtha san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

Níor ullmhaíodh ráitis airgeadais an ghrúpa toisc go bhfuil NSAI díolmhaithe ó ráitis airgeadais an ghrúpa a ullmhú faoi Alt 297 d'Acht na gCuideachtaí agus i gcomhlíonadh FRS102. Comhlíonann NSAI gach ceann de na 3 chritéar faoi dhíolúine i leith mhéid an Ghrúpa. Baineann na coinníollacha i dtaobh a bheith incháilithe le haghaidh díolúine ar bhonn méid leis an Láimhdeachas, iomlán an Chláir Comhardaithe agus meánlíon míosúil na bhfostaithe.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 14. NSAI INC (AR LEAN)

Áirítear leis an mbarrachas comhdhlúite don bhliain roimh an ranníocaíocht ón Státchiste barrachas €573,617 ó oibríochtaí NSAI Inc. (2014: €569,986). Féach Nóta 14 (a) chun breac-chuntas a léamh i dtaobh na sonraí airgeadais.

**(a) Seo a leanas breac-chuntas ar shonraí airgeadais NSAI Inc:**

**Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais**

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Táillí deimhniúcháin | **6,349,271** | 5,219,254 |
| **Caiteachas** | | |
| Pá agus costais aoisliúntais | **1,498,344** | 1,217,533 |
| Speansais taistil | **251,959** | 202,466 |
| Fochonraitheoirí | **3,246,279** | 2,470,996 |
| Soláthar Seirbhíse Seachtrach agus Seirbhísí Gairmiúla | **5,791** | 5,086 |
| Cíosanna, rátaí, obair dheisithe agus chothabhála | **84,151** | 59,327 |
| Costais oibriúcháin eile | **398,742** | 333,471 |
| Síntiúis d'eagraíochtaí | **185,184** | 147,947 |
| Dímheas | **41,970** | 23,014 |
| Glanmhuirear idirchuideachta | **63,234** | 189,428 |
| | **5,775,654** | 4,649,268 |
| **Barrachas oibriúcháin don bhliain** | **573,617** | 569,986 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 14. NSAI INC (AR LEAN)

**Ráiteas ar Staid an Airgeadais**

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| **Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | **135,326** | 42,176 |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Méideanna infhála | **1,941,861** | 1,404,410 |
| Airgead tirim agus cóibhéisí airgid | **475,609** | 606,843 |
| Idirchuideachta | **2,209,500** | 1,660,437 |
| | **4,626,970** | 3,671,690 |
| **Dliteanais reatha (a bheidh dlite < 1 bhliain amháin)** | | |
| Méideanna iníoctha | **230,894** | 171,544 |
| **Glansócmhainní reatha** | **4,396,076** | 3,500,146 |
| **Glansócmhainní** | **4,531,402** | 3,542,322 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| Cuntas caipitil | **135,326** | 42,176 |
| Cúlchistí malairte eachtraí | **429,767** | 315,543 |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe | **3,966,309** | 3,184,603 |
| | **4,531,402** | 3,542,322 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 15. COMHALTAÍ AN BHOIRD – NOCHTADH IDIRBHEART

I ngnáthchúrsaí gnó, féadfaidh NSAI dul i mbun socruithe conartha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí Boird NSAI fostaithe nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile. Ghlac NSAI nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Bhoird agus chloígh NSAI leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

**(a) An luach saothair a íocadh leis na Stiúrthóirí in 2015**

| | | Nóta | 2015<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ms. J. O'Neill | Cathaoirleach | | **12,388** |
| Ms. V. Bowen | | | **7,963** |
| Mr. K. Cox | Athcheaptha ar an 1 Aibreán, 2015 | *(ii)* | **2,418** |
| Mr. K. Early | Ceaptha ar an 1 Deireadh Fómhair, 2015 | *(i)* | **0** |
| Mr. E. Forde | Ionadaí de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta | | **0** |
| Ms. A. Goggin | | *(i)* | **0** |
| Ms. J. Kenneally | Ceaptha ar an 14 Aibreán, 2015. D'imigh ar scor ar an 6 Lúnasa, 2015. | *(i)* | **0** |
| Mr. T. Landers | | *(iii)* | **0** |
| Mr. P. Oates | Ceaptha ar an 14 Aibreán, 2015 | *(ii)* | **2,418** |
| Dr. A. O'Boyle | | | **7,963** |
| Ms. D. O'Hara | | | **7,963** |
| Ms. B. O'Leary | Ceaptha ar an 14 Aibreán, 2015 | *(i)* | **0** |
| Mr. K. Ryan | | | **7,963** |
| Ms. D. Smith | | | **7,963** |
| Mr. M. Buckley | Príomhfheidhmeannach | | **0** |

B'ionann luach saothair iomlán na Stiúrthóirí do 2015 agus €57,039 (2014: €59,147)

i) Ní raibh luach saothair iníoctha de réir an phrionsabail 'duine amháin, tuarastal amháin'.

ii) Ní raibh luach saothair iníoctha tar éis an 14 Aibreán 2015 de réir an phrionsabail 'duine amháin, tuarastal amháin'.

iii) Lig an comhalta uaidh luach saothair Stiúrthóra ar bhonn deonach.

**(b) Speansais na Stiúrthóirí**
B'ionann speansais iomlána na Stiúrthóirí do 2015 agus €3,058 (2014: €2,720)

**(c) Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh**
B'ionann tuarastal bliantúil bunúsach an Phríomhfheidhmeannaigh do 2015 agus €148,823 (2014: €143,311). B'ionann costas foriomlán phacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, ina gcuimsítear soláthar aoisliúntais, gluaisteán cuideachta agus aon sochair eile (faoi réir sochar comhchineáil) in 2015 agus €159,166 (2014: €163,250). Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de scéim aoisliúntais foirne NSAI agus ní théann a theidlíochtaí pinsin níos faide ná teidlíochtaí caighdeánacha shamhailscéim na hearnála poiblí. Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon íocaíochtaí i leith feidhmíochta in 2015 ná in 2014.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

## 15. COMHALTAÍ AN BHOIRD – NOCHTADH IDIRBHEART (AR LEAN)

**(d) Luach saothair príomhdhaoine den lucht bainistíochta**
Meastar gur príomhdhaoine den lucht bainistíochta is ea na stiúrthóirí ar fad, na comhaltaí boird, an Príomhfheidhmeannach agus fostaithe sinsearacha áirithe a bhfuil údarás agus freagracht acu i ndáil le pleanáil, stiúradh agus rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Údaráis. Is ionann an luach saothair iomlán ina leith siúd agus €882,318 (2014: €843,709)

## 16. TEAGMHAIS INA DHIAIDH SIN

Ní dheachaigh aon teagmhais shuntasacha i bhfeidhm ar an Údarás tar éis dheireadh na bliana.

## 17. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Bhí ceangaltais chaipitil €11,044 ar an eagraíocht ag deireadh na bliana.

## 18. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Níl aon dliteanais theagmhasacha ag deireadh na bliana a d'fhéadfadh éifeacht dhíobhálach ábhartha a bheith acu ar staid airgeadais an Údaráis.

## 19. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Rinneadh figiúirí comparáideacha a athaicmiú mar ba ghá ar bhunús a réitíonn leis an mbliain reatha.

## 20. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais ar an 30 Meitheamh 2016.

# AGUISÍNÍ



# AGUISÍN 1

## BALLRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

| | |
|---|---|
| **CEN** | An Coiste Eorpach um Chaighdeánú |
| **CENELEC** | An Coiste Eorpach um Chaighdeánú Leictriteicniúil |
| **ISO** | Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán |
| **IEC** | An Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil |
| **Euramet** | Cumann Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta |
| **BIPM** | An Biúró Idirnáisiúnta Meáchan agus Tomhas |
| **OIML** | Eagraíocht Idirnáisiúnta na Méadreolaíochta Dlí |
| **Welmec** | Comhar Eorpach sa Mhéadreolaíocht Dlí |
| **IQNet** | An Líonra Deimhniúcháin Idirnáisiúnta |
| **EOTA** | An Eagraíocht Eorpach um Cheaduithe Teicniúla |

# AGUISÍN 2

## COISTÍ CAIGHDEÁN

### FOIRGNÍOCHT

NSAI/TC 003 Coiste Coincréite
NSAI/TC 008 Adhmad
NSAI/TC 010 Soláthar Uisce
NSAI/TC 011 Innealtóireacht Fuíolluisce
NSAI/TC 012 Leagan Sclátaí agus Tíleanna
NSAI/TC 015 Eorachóid Náisiúnta
NSAI/TC 016 Sábháilteacht Dóiteán
NSAI/TC 017 Caighdeáin Bhóithre
NSAI/TC 019 Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh
NSAI/TC 031 Seirbhísí Foirgníochta
NSAI/TC 040 Iarfheistiú teaghaisí atá ann cheana
NSAI/TC 046 Táirgí Foirgníochta
NSAI/TC 058 Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir
NSAI/TC 061 Simléir
NSAI/TC 059 Fuinneamh

### INNEALTÓIREACHT

NSAI/TC 001 Gás
NSAI/TC 006 Leictriteicniúil
NSAI/TC 033 Craenacha
NSAI/TC 050 Peitriliam a Thaiscéaladh agus Astarraingt

### AN COMHSHAOL

NSAI/TC 004 Nithe Comhshaoil
NSAI/TC 053 Bailíochtú Swift 7ar ghual i malaí

### BIA

NSAI/TC 013 Tionscal an Bhia
NSAI/TC 062 An Bhiteicneolaíocht

### SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

NSAI/TC 028 Córais bainistíochta um shláinte agus sábháilteacht cheirde
NSAI/TC 024 Sábháilteacht Chuaillí
NSAI/TC 025 Sábháilteacht Iománaíochta agus Chamógaíochta
NSAI/TC 047/SC14 Cáilíocht an aeir sa Chábán (Aerárthaí)
NSAI/TC 054 Brathadóirí aonocsaíde carbóin Swift 8

### CÚRAM SLÁINTE

NSAI/TC 005 Cúram Sláinte
NSAI/TC 042 Comhairle faoi Chosmaidí
NSAI/TC 047/SC13 Seirbhísí Tatuála

### TFC

NSAI/TC 002 TFC
NSAI/TC 021 Faisnéisíocht Sláinte

### CÁILÍOCHT AGUS RIOSCA

NSAI/TC 007 Bainistíocht Cáilíochta
NSAI/TC 022 Bainistíochta Scoile Scéimhe
NSAI/TC 045 Bainistíocht Nuálaíochta
NSAI/TC 043 Comhairle CASCO
NSAI/TC 030 Bainistíocht Riosca
NSAI/TC 048/SC 09 Bainistíocht Sócmhainní

### SEIRBHÍSÍ

NSAI/TC 035 Seirbhísí Turasóireachta
NSAI/TC 038 Seirbhísí Sainchomhairleoirí Bainistíochta
NSAI/TC 052 Seirbhísí Sciamhlann

### ILGHNÉITHEACH

NSAI/TC 018 Freagracht Chorparáideach
NSAI/TC 023 Coiste Comhairliúcháin um Chaighdeáin Dearaidh Uilíocha
NSAI/TC 049 Nanaitheicneolaíochtaí

# AGUISÍN 3

## CAIGHDEÁIN DHÚCHASACHA ÉIREANNACHA A FOILSÍODH IN 2015

1. I.S. 127:2015, Structural timber – Visual strength grading – Sawn softwoods with rectangular cross-section
2. I.S. 3216:2010/A1:2014, Bulk storage and transfer of liquefied petroleum gas (LPG)
3. S.R. 70:2015, Timber in construction – Eurocode 5 – Trussed rafters
4. S.R. 71:2015, Timber in construction – Eurocode 5 – Span tables and guidelines
5. I.S. 328:2015, Gas transmission pipelines and pipeline installations (Eagrán 4) (15-05-15)
6. I.S. 329:2015, Gas Distribution Mains (Eagrán 3) (15-05-15)
7. S.R. 66:2015, Standard Recommendation providing guidance to wastewater treatment products in compliance with the EN 12566 series of standards
8. I.S. EN 206:2013/NA:2015, National Annex to I.S. EN 206:2013, Concrete – Specification, performance, production and conformity
9. I.S. EN 13670:2009/NA:2015, Irish National Annex to I.S. EN 13670:2009, – Execution of concrete structures
10. I.S. EN 1555-1:2010/NA:2015, National Annex to I.S. EN 1555-1:2010, Plastics piping systems for the supply of gaseous fuels – Polyethylene (PE) – Part 1
11. I.S. EN 1555-2:2010/NA:2015, National Annex to I.S. EN 1555-2:2010, Plastics piping systems
12. NA+A1 to I.S. EN 1993-1-1:2005, Irish National Annex to Eurocode 3: Design of steel structures – Part 1-1: General rules and rules for buildings. NA+A1+AC2 to I.S. EN 1991-1-7:2006, National Annex to Eurocode 1 – Actions on structures – Part 1-7: General actions Accidental actions
13. NA:2015 to I.S. EN 1997-1:2004+A1:2013, Irish National Annex to Eurocode 7: Geotechnical design – Part 1: General rules
14. SWiFT 7:2015, Verification of environmental parameters of certain solid fuel supplied to the residential market in Ireland
15. I.S. 291:2015, Selection, commissioning, installation, inspection and maintenance of portable fire extinguishers
16. I.S. 340:2007/A1:2015, Hygiene in the catering sector
17. I.S. 341:2007/A1:2015, Hygiene in food retailing and wholesaling
18. I.S. 328:2015/AC1:2015, Gas transmission pipelines and pipeline installations (Eagrán 4)

# AGUISÍN 4

## MÍNIÚ AR CHATAGÓIRÍ NA BHFOILSEACHÁN I DTAOBH CAIGHDEÁN

**Caighdeán – Caighdeán Éireannach (I.S.) –** sonraíocht náisiúnta atá bunaithe ar chomhdhearcadh painéil saineolaithe, faoi réir comhairliúchán poiblí agus arna foilsiú ag NSAI amháin. Caighdeán Eorpach (EN) – caighdeán arna ghlacadh ag CEN/CENELEC, a bhfuil oibleagáid ag gabháil leis maidir lena chur chun feidhme mar chaighdeán náisiúnta comhionann chomh maith le tarraingt siar na gcaighdeán náisiúnta a thagann salach air. Nuair a bhíonn Caighdeán Eorpach glactha ag NSAI, foilsítear Caighdeán Eorpach mar I.S. EN.

**Ceartúchán –** Doiciméad lena ndéantar forlíonadh ar leagan teanga amháin, dhá cheann, nó gach ceann de na trí cinn (Béarla, Fraincis agus Gearmáinis) d'fhoilseachán CEN/CENELEC, ina gceartaítear botún nó débhríocht amháin nó níos mó a tugadh isteach de thaisme agus é á dhréachtú nó á chlóbhuaileadh, agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cur i bhfeidhm mícheart nó cur i bhfeidhm neamh-shábháilte ar na leaganacha sin.

**Leasú –** Doiciméad forlíontach daingnithe i leith EN (agus Doiciméad Comhchuibhithe (HD) le haghaidh CENELEC) a scaipeadh cheana ar chomhaltaí náisiúnta CEN/CENELEC lena chur chun feidhme sna tíortha, atá le léamh i gcomhar leis an EN/HD sin agus lena n-athraítear nó lena gcuirtear le forálacha teicniúla atá comhaontaithe roimhe sin san EN/HD sin.

**S.R. –** Moladh Caighdeánach Seo doiciméad moltaí atá bunaithe ar chomhdhearcadh painéil saineolaithe agus atá faoi réir comhairliúchán poiblí.

**Bileog Léirmhínithe –** Seo bileog fhoilsithe ina dtugtar léirmhíniú ar chaighdeán CENELEC. I bprionsabal, bíonn caighdeán CENELEC scríofa sa chaoi is nach gá don úsáideoir é a léirléamh. Mar sin féin, is amhlaidh i gcás na bpáirtithe atá i gceist i dtaca le húsáid na gcaighdeán, amhail monaróirí, lucht deimhnithe agus reachtóirí, go mbíonn a léargas féin acu ar na caighdeáin agus nach i gcónaí a thuigeann siad an intinn is bonn leis na caighdeáin. Dá bhrí sin, iarrann an Comhlacht Teicniúil atá freagrach as an gcaighdeán foilsithe ar CCMC (Ionad Bainistíochta CEN/CENELEC) Bileog Léirmhínithe a eisiúint, tar éis nós imeachta cuí formheasa, agus is é an cuspóir a bhíonn ag an mbileog sin soiléiriú a dhéanamh ar an mbrí nó an intinn is bonn le cuid ar leith den chaighdeán.

**Iarscríbhinn Náisiúnta –** Gné fhorlíontach a chuirtear le cúl Caighdeáin Eorpaigh arna ghlacadh (le cuspóir faisnéiseach de ghnáth) chun cabhrú leis an léitheoir an Caighdeán a thuiscint agus é a fhágáil níos éasca é a chur chun feidhme. Is féidir go mbeadh faisnéis inti a bhaineann go sonrach leis an gComhlacht um Chaighdeáin Náisiúnta ábhartha.

**SWiFT -** Sonraíocht atá Scríofa sa Mhodh Mear.

# AGUISÍN 5

## TÍORTHA INAR EISIGH NSAI AGUS NSAI INC. DEIMHNITHE

Éire, an Astráil, an Ostair, Bairéin, an Bheilg, an Bhrasaíl, Ceanada, an tSile, an tSín, Cósta Ríce, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an India, an Indinéis, an Iodáil, Iosrael, an tSeapáin, an Chéinia, Ríocht na hAraibe Sádaí, an Liobáin, Lucsamburg, an Mhalaeisia, Meicsiceo, Maracó, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, Panama, na hOileáin Fhilipíneacha, an Pholainn, an Phortaingéil, Pórtó Ríce, Catar, Poblacht na Cóiré, an Rómáin, an Rúis, Singeapór, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Afraic Theas, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Téaváin, an Téalainn, an Tuirc, an Ríocht Aontaithe, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Stáit Aontaithe Mheiriceá, Vítneam

# AGUISÍN 6

## AINMNIÚCHÁIN AGUS AITHEANTAIS DE CHUID NSAI

### AINMNIÚCHÁIN, CEAPACHÁIN AGUS AITHEANTAIS

*Comhlacht dá dtugtar fógra i dtaobh measúnú comhréireachta a bhaineann le comharthaí CE Eorpacha*

- Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 Táirgí Foirgníochta
- Treoir 90/385/CEE maidir le Feistí Leighis Gníomhacha So-Ionchlannaithe
- Treoir 93/42/CEE maidir le Feistí Leighis
- Treoir 98/79/CE maidir le Feistí Liachta Diagnóiseacha In Vitro
- Treoir 2014/31/AE (2009/23/CE mar a bhíodh) maidir le Meánna Neamh-Uathoibríocha
- Treoir 2014/32/AE (2004/22/EC mar a bhíodh) maidir le hUirlisí Tomhais

*Nithe a bhaineann le Mótarfheithiclí agus Gluaisteáin*

- Ainmnithe mar Údarás Cineálcheadaithe na hÉireann faoi I.R. Uimh 157. de 2009 agus I.R. Uimh. 158 de 2009.
- Ceadú Feithiclí Aonair
- Cineálcheadú i leith Sraitheanna Beaga Náisiúnta
- Cineálcheadú Eorpach
- Ainmnithe mar Údarás Cineálcheadaithe na hÉireann faoi I.R. Uimh. 127 de 2009.
- Treoir 70/156/CEE ón Aontas Eorpach
- Treoir 2002/24/CE ón Aontas Eorpach
- Cineálcheadú i leith Feithiclí agus Leantóirí 2/3 Roth
- Cineálcheadú i leith Feithiclí agus Leantóirí 3/4 Roth
- Tarracóirí
- An tÚdarás Inniúil i dtaobh Ceardlanna Tacagraif faoi I.R. Uimh. 62 de 2008

*Inbhuaine agus an Timpeallacht Thógtha*

- Comhlacht Ainmnithe um Measúnú Teicniúil don Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta (AE) Uimh. 305/2011
- Aitheanta i ndáil le Deimhniú Agrément um Chomhlíonadh Rialacha Foirgníochta na hÉireann I.R. Uimh. 497 de 1997

*Cigireachtaí a bhaineann le Seirbhísí Bia*

- 2004/1935/CE Creat-rialachán ón AE ar Ábhair agus Nithe atá ceaptha lena bheith i dTadhall le Bia
- 80/777/CEE agus 2003/40/CE Uisce Mianraí Nádúrtha

## SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE

*Pointe Teagmhála na hÉireann*

- Fógraí faoi Threoir 98/34/CE maidir le Cosc ar Bhaic Theicniúla ar Thrádáil
- Faisnéis faoi Rialacha Teicniúla ar Tháirgí Neamh-chomhchuibhithe faoin Rialachán um Aitheantas Frithpháirteach (CE) 764/2008

*Scéimeanna Uimhrithe Idirnáisiúnta de chuid ISO*

- Uimhreacha Aitheantais Feithiclí na Monaróirí Feithiclí
- Uimhir Cárta Creidmheasa/Cárta Dochair

NSAI

AN CHEANNOIFIG
1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9
**T** +353 1 807 3800 **F** +353 1 807 3838 **E** info@nsai.ie

**NSAI.ie**